CCPC

Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

**Competition and Consumer Protection Commission**



# Tuarascáil Bhliantúil 2024

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Teach Bloom, Sráid an Iarnróid,
Baile Átha Cliath 1, D01 C576

Teil +353 (0)1 402 5500
Líne Chabhrach do Thomhaltóirí 01 402 5555

ccpc.ie

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH | 5 |
| BUAICPHOINTÍ 2024 | 7 |
| SPRIOC STRAITÉISEACH 1 | 10 |
| Cumhachtaí agus freagrachtaí nua | 10 |
| Úsáid a bhaint as ár gcumhachtaí forfheidhmithe agus comhlíontachta dhlí na hiomaíochta agus an dlí tomhaltóirí | 11 |
| Aonad Faireachais nua a bhunú | 12 |
| Aonad Breithnithe Iomaíochta a bhunú | 12 |
| Forfheidhmiú a leabú agus a chur in úsáid | 12 |
| Rialachán | 14 |
| Ag obair leis an gCoimisiún Eorpach, údaráis na mBallstáit eile agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile | 14 |
| Faireachas agus cigireachtaí margaidh a dhéanamh, agus oibriú leis na Custaim | 15 |
| Córas forfheidhmithe cumasc éifeachtach a sholáthar | 16 |
| Cás-staidéar: Bac Carrchlóis ar daa | 17 |
| Ár rannpháirtíocht leis an bpobal gnó a fheabhsú chun comhlíontacht a spreagadh | 18 |
| SPRIOC STRAITÉISEACH 2 | 20 |
| Rannpháirtíocht tomhaltóirí leis an CCPC a mhéadú | 20 |
| Feachtais feasachta tomhaltóirí | 25 |
| Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirgí contúirteacha | 26 |
| Tacú le hathchóiriú Chúirt na nÉileamh Beag | 26 |
| Oideachas Airgeadais | 26 |
| SPRIOC STRAITÉISEACH 3 | 30 |
| Comhairle a chur ar lucht déanta beartas agus ar rialtóirí maidir le hathrú reachtaíochta agus moltaí beartais a dhéanamh | 30 |
| Guth láidir a chur ar fáil sa díospóireacht náisiúnta | 32 |
| Taighde | 33 |
| Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara | 34 |
| Óráidí | 36 |
| SPRIOC STRAITÉISEACH 4 | 38 |
| Ár bpleananna a fhorbairt, ár n-acmhainní a ailíniú | 38 |
| Ár ndaoine a fhorbairt | 39 |
| Ár straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i gcrích | 39 |
| Dea-chleachtas san ionad oibre | 39 |
| Dea-chleachtas rialachais | 40 |
| Comhlíontacht Comhlachta Phoiblí | 41 |
| Airgeadas | 43 |
| AGUISÍN 1: Cairt Eagraíochta | 44 |
| AGUISÍN 2: Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 44 |
| AGUISÍN 3: Dualgas na hEarnála Poiblí | 46 |
| AGUISÍN 4: An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn | 47 |

# Réamhrá an Chathaoirligh, Brian McHugh



Ba í 2024 mo chéad bhliain iomlán mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), agus táim an-bhródúil as a bheith i gceannas ar fhoireann a oibríonn gan stad gan staonadh chun margaí na hÉireann a choinneáil oscailte agus iomaíoch, agus a sheasann do chearta tomhaltóirí.

Is iad margaí oscailte agus cothroma bunús rath gheilleagar na hÉireann. Soláthraíodh go leor cuideachtaí agus post leo ach bhí tionchar ollmhór acu ar thomhaltóirí chomh maith. I dtréimhse suaite agus éiginnteachta, tá sé níos tábhachtaí ná riamh a chinntiú go bhfuil margaí iomaíocha ann chun freastal ar leas tomhaltóirí – in Éirinn agus san Eoraip araon.

Is é sin an fáth ar bhaineamar úsáid as ár gcumhachtaí cumaisc chun bac a chur ar dhíol carrchlóis in aice le hAerfort Bhaile Átha Cliath le daa. Dá rachfaí ar aghaidh leis an díolachán, bheadh 90% den mhargadh faoi smacht daa; anois, is féidir le carrchlós eile dul san iomaíocht ar mhaithe le tomhaltóirí agus rogha a sholáthar agus tú ag páirceáil ag an aerfort.

Ba bhliain ghnóthach í maidir le hathbhreithniú cumaisc in Éirinn; tháinig méadú 21% ar fhógraí don CCPC. In ainneoin an mhéadaithe sin ar an méid, rinneadh 71% de chinntí cumaisc faoinár Nós Imeachta Simplithe um Fhógra Cumaisc, méadú ó 50% an bhliain roimhe sin. Tá an meán-am athbhreithnithe cumasc ag laghdú i gcónaí, rud a sholáthraíonn cinntí níos gasta do ghnólachtaí agus a chuireann ar ár gcumas ár n-acmhainní a dhíriú ar na cumaisc sin a bhfuil an cumas acu ábhair imní iomaíochta a ardú.

Bhaineamar garsprioc shuntasach amach i mbliana nuair a chruthaíomar Aonad Breithnithe nua mar chuid de chóras forfheidhmithe riaracháin suntasach a bhunú in Éirinn maidir le sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais agus na hÉireann. Tugtar cumhacht leis an dlí don CCPC, trí oifigigh bhreithnithe neamhspleácha agus faoi réir formheas cúirte, cinntí a dhéanamh maidir le sáruithe líomhnaithe ar dhlí na hiomaíochta agus smachtbhannaí airgeadais riaracháin suas le €10 milliún nó 10% den láimhdeachas iomlán domhanda a fhorchur. Beidh comhairliúchán againn maidir le beartais agus nósanna imeachta an chórais nua sin in 2025.

Leanadh go gasta lenár gcuid oibre chun tomhaltóirí na hÉireann a chosaint ar sháruithe ar dhlíthe cosanta tomhaltóirí. In 2024, rinneamar níos mó ná 200 cigireacht agus d'eisíomar 47 fógra pionóis sheasta agus 23 fógra comhlíontachta. Ghlacamar cúig ionchúiseamh rathúla. I mí an Mheithimh, phléadáil Tesco ciontach in dhá chúis shamplacha as mainneachtain cloí leis an dlí maidir leis an dóigh ar thaispeáin siad praghas táirgí a bhí á dtairgeadh ar phromóisean do shealbhóirí Clubcard. Ordaíodh dó costais dlí an CCPC a íoc agus €1,000 a thabhairt do charthanas. Léirítear leis an toradh an fáth a n-áitímid go láidir i bhfabhar cumhachtaí méadaithe chun dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear an cumas smachtbhannaí airgeadais a fhorchur.

D'oibrigh ár bhfoirne faireachais margaidh go crua freisin, agus rinne siad os cionn 178,000 táirge contúirteach a bhaint de mhargadh na hÉireann nó a gcur ar an margadh a chosc in 2024 agus, a bhuí le feachtas tiomnaithe an CCPC lenar cuireadh an pobal ar an eolas faoi pháirt lochtach, tá iartaí gáis sábháilte ag níos mó ná 1,700 teaghlach ina gcistineacha anois.

Leanamar le tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chumasú chun a gcearta tomhaltóirí agus a bhfóntacht airgeadais féin a leanúint. I mbliana, tugadh 1.8 milliún cuairt ar ár suíomh gréasáin, rinneadh breis agus 44,000 glao chuig ár líne chabhrach agus tugadh 2.7 milliún amharc ar ár gclár urraithe RTÉ faoi chearta tomhaltóirí, The Complaints Bureau.

Féachaimid le bheith inár bpríomhghuth maidir le margaí oscailte agus iomaíocha a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí. Fuarthas i dtuarascáil an CCPC maidir le díobháil tomhaltóirí, a eisíodh i mí Feabhra, go raibh fadhb ag 39% de thomhaltóirí na hÉireann a chosain airgead nó am orthu nó a chuir strus orthu an bhliain roimhe sin, agus meastar gurbh ionann luach airgid iomlán na díobhála tomhaltóirí agus beagnach €1 bhilliún.

Chomh maith leis sin, cheiliúramar cothrom lae 10 mbliana an CCPC i mí na Samhna 2024. Ghlac go leor baill foirne páirt ann a d'oibrigh go crua chun an CCPC a fhorbairt go dtí an méid atá ann inniu. Ba am a bhí ann le machnamh a dhéanamh ar na 10 mbliana atá caite, ar thábhacht na hoibre a dhéanaimid agus ar an tionchar atá againn ar shaol laethúil thomhaltóirí na hÉireann. Táimid ag tnúth anois lenár rath a fhás maidir le hiomaíocht a chur chun cinn agus leas tomhaltóirí a fheabhsú.



# Buaicphointí

# 1

Sprioc Straitéiseach 1

## Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

**Méadú**
**21%**
**ar fhógraí cumaisc**

**71% de chinntí a rinneadh faoin Nós Imeachta Simplithe um Fhógra Cumaisc**

*méadú ó 50% an bhliain roimhe sin*

- Chuir an CCPC bac ar cheannach beartaithe an tsean-charrchlóis 'QuickPark' ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag daa
- Thionscain an CCPC cúig imscrúdú i gcás sáruithe amhrasta ar dhlí na hiomaíochta; bhain dhá chás le mí-úsáid ceannasachta, bhain dhá cheann le gníomhaíocht a bhain le cairtéil agus bhain ceann amháin le cás féideartha de ghníomhú róluath cumaisc
- Cúig ionchúiseamh rathúla arna dtabhairt sna cúirteanna as sáruithe ar dhlíthe cosanta tomhaltóirí
- Rinneadh cuardaigh gan fógra (ruathair mhaidine) faoi bharántais chuardaigh na Cúirte Dúiche ag dhá áitreabh mar chuid d'imscrúdú ar leithligh a bhain le cairtéil agus a osclaíodh in 2023
- Chuidigh oifigigh de chuid an CCPC le húdarás iomaíochta na hIodáile le cuardach gan fógra a dhéanamh ar cheanncheathrú Ryanair i mBaile Átha Cliathwha
- Méadú 21% ar fhógraí cumaisc, 71% de chinntí a rinneadh faoin Nós Imeachta Simplithe um Fhógra Cumaisc (méadú ó 50% an bhliain roimhe sin)
- Socraíodh dáta trialach sa Phríomh-Chúirt Choiriúil don chéad ghrúpa de chúig oibreoir iompair a raibh amhras fúthu go raibh siad i mbun camastaíl imthairisceana i seirbhísí iompair scoile atá maoinithe go poiblí
- Tionscnaíodh imscrúdú ar Ticketmaster Ireland agus an dóigh ar láimhseáil sé díol ticéad Oasis i mí Lúnasa 2024
- Ghlac an CCPC páirt in dhá chuardach comhlíontachta arna gcomhordú ag an Aontas Eorpach ar thrádálaithe ar líne a dhíolann earraí amhail éadaí, oiriúintí agus trealamh leictreonach
- Rinneadh 178,596 táirge contúirteach a aisghairm, a aistarraingt nó cuireadh cosc orthu dul ar mhargadh na hÉireann
- Rinne an CCPC 205 cigireacht um chosaint tomhaltóirí agus d'eisigh sé 23 fógra comhlíontachta agus 47 fógra íocaíochta seasta
- Tá iartaí gáis sábháilte ag os cionn 1,700 tomhaltóir anois, a bhuí leis an obair leanúnach monatóireachta agus cumarsáide a dhéanamh an CCPC

# 2 Sprioc Straitéiseach 2
# Cumhachtaigh agus Cuir ar an Eolas

- Rinne 44,247 tomhaltóir teagmháil le líne chabhrach an CCPC – méadú 13%. Ba iad fadhbanna le carranna ba mhó cúis leis na glaonna, agus thuairiscigh tomhaltóirí gur chaith siad €6,013 ar an meán ar na hearraí nó na seirbhísí a ndearna siad teagmháil leis an líne chabhrach fúthu
- Cuireann suíomh gréasáin an CCPC faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir le cearta tomhaltóirí, faisnéis úsáideach do ghnólachtaí agus táirgí agus seirbhísí airgeadais phearsanta. In 2024, tugadh 1,835,011 cuairt air
- Tugadh 740,789 cuairt ar Uirlisí Airgid an CCPC, agus ba é an uirlis chomparáidí morgáiste an ceann ba mhó tóir
- Rinne an CCPC urraíocht ar shraith teilifíse nua do thomhaltóirí ar RTÉ, 'The Complaints Bureau'. Sa tsraith ocht n-eipeasóid, rinneadh imscrúdú ar ghearáin tomhaltóirí agus mhealladh os cionn 2.7 milliún amharc, le meán de 343,750 amharc in aghaidh na heipeasóide (sciar 31% den lucht féachana)
- Shroich líon na leantóirí ar chuntas meán sóisialta an CCPC 57,000, méadú 7%. Bhuaigh an fhoireann trí Ghradam Meán Sóisialta "Sockies"




# 3 Sprioc Straitéiseach 3
# Abhcóideacht agus Taighde

- Fuarthas i dtaighde an CCPC go raibh fadhb ag 39% de thomhaltóirí na hÉireann a chosain airgead nó am orthu nó a chuir strus orthu an bhliain roimhe sin, agus meastar gurbh ionann luach airgid iomlán na díobhála tomhaltóirí agus beagnach €1 bhilliún
- In 2024, bhí gné-ailt de CCPC i 6,176 alt sna meáin chlóite, chraolta (teilifís agus raidió), agus ar líne. Ba é €25,106,070 luach iomlán an chlúdaigh sin
- Moltaí an CCPC atá léirithe i dtuarascáil "Dúshlán Iomaíochais na hÉireann" ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta agus sa Straitéis Náisiúnta Íocaíochtaí
- Le gairm ón gcathaoirleach Brian McHugh ar an Rialtas clár ama a shocrú le haghaidh athchóirithe dlí, fuarthas clúdach forleathan sna meáin, lena n-áirítear eagarfhocal tuairimíochta in Business Post
- Nochtadh i dtaighde an CCPC na costais a bhaineann le filleadh ar scoil do theaghlaigh in Éirinn
- Le taighde a rinne Indecon arna mhaoiniú ag an CCPC, cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt na Straitéise Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais
- D'eisigh an CCPC comhairle chuig tomhaltóirí i ndiaidh a fháil amach ó shuirbhé nach ndearna duine as gach cúigear (21%) aon socruithe airgeadais ar chor ar bith dá scor

# Buaicphointí

## 4 Sprioc Straitéiseach 4
## Struchtúr agus Acmhainn



- Chruthaigh an CCPC Straitéis Daoine trí bliana in 2024 lena raibh trí sprioc: go mbeadh an CCPC ina 'Rogha Fostóir'; acmhainn, saineolas, ceannaireacht agus cumais bhainistíochta na foirne a fhorbairt agus tógáil as; ionad oibre rannpháirteach cumhachtaithe a chruthú

- D'earcaigh an CCPC 65 ball foirne in 2024 agus fuair sé cead le haghaidh 35 ról breise in 2024. Faoi dheireadh na bliana bhí 261 post ar an iomlán ceadaithe. Ba mhéadú 16% é sin ó 2023. Is é 10.77% ráta athraithe foirne an CCPC, i gcomparáid le meán náisiúnta de 11.5%, arna thuairisciú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

- Cruthaíodh cúig rannán nua chun ár sainordú atá ag athrú i gcónaí a chur san áireamh agus cruthaíodh roinnt aonaid nua lena n-áirítear Breithniú Iomaíochta, Margaí agus Ardáin Dhigiteacha, Rialáil Sonraí, Faireachas agus Réitigh Dhigiteacha (TFC)



Sprioc Straitéiseach 1

# Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

UAILLMHIAN: A chinntiú gur féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu go bhfuil na margaí ag obair chun a leasa

BEARTA:

- Torthaí méadaithe sna feidhmeanna forfheidhmithe uile
- Méadú ar chigireachtaí tionchair agus ar chuardaigh maidir le comhlíontacht
- Leibhéil agus infheictheacht mhéadaithe rannpháirtíochta dírí le gnólachtaí chun comhlíontacht a bhaint amach
- Measúnú tionchair ar ár gcuid oibre forfheidhmithe




## Cumhachtaí agus freagrachtaí nua

**An Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí**
The product safety powers of the CCPC were expanded when the EU General Product Safety Regulation (GPSR) became law in December 2024. The new legislation sets out specific obligations on online marketplace providers and empowers the CCPC to issue removal orders against online marketplaces selling dangerous products.

**An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**
Ainmníodh an CCPC mar údarás inniúil le haghaidh oibleagáidí faoin nGníomh an Aontais um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), a tháinig i bhfeidhm in 2024. Leis an GSD, rialaítear soláthraithe seirbhísí idirmheánacha, lena n-áirítear ardáin ar líne amhail margaí, agus féachtar leis le sábháilteacht úsáideoirí a chinntiú. Tá freagracht shonrach ar an CCPC as Airteagail 30 go 32. Sna trí Airteagal sin, leagtar amach ceanglais do mhargaí ar líne (gan micrifhiontair agus fiontair bheaga san áireamh), amhail an ceanglas sonraí trádálaithe a fháil agus a thaispeáint, an ceanglas a gcomhéadan a dhearadh ar bhealach lenar féidir le trádálaithe faisnéis atá riachtanach de réir an dlí a sholáthar, agus an ceanglas beart a dhéanamh nuair a thugann an margadh faoi deara go bhfuil táirgí nó seirbhísí mídhleathacha díolta aige. Tá an CCPC freagrach as margaí ar líne a bhfuil a bpríomh-cheanncheathrú AE lonnaithe in Éirinn. Lena fhreagrachtaí faoin GSD a chomhlíonadh, bhunaigh an CCPC Aonad nua um Margaí agus Ardáin Dhigiteacha in 2024 agus chuir sé tús le hobair chun tobhach a fhorchur ar mhargaí ábhartha tomhaltóirí ar líne chun a ghníomhaíochtaí mar údarás inniúil a mhaoiniú.

**An Gníomh um Rialachas Digiteach**
Tugadh cumhachtaí nua don CCPC chun Rialacháin maidir le Gníomh an Aontais um Rialachas Sonraí (GRS) a fhorfheidhmiú an 23 Nollaig 2024. Tá sé mar aidhm le GRS an Aontais muinín i sonraí a mhéadú trí cheanglais bhunúsacha áirithe a leagan amach maidir le rialachas sonraí mar a thugtar air. Cruthaítear leis an nGníomh creat comhchuibhithe chun go ndéanfaidh cuideachtaí, daoine aonair agus an earnáil phoiblí comhroinnt sonraí agus nuálaíocht a éascú ar bhealach níos fearr, ar fud na n-earnálacha agus Bhallstáit uile AE.

**An Gníomh um Shonraí**
Beidh an Gníomh um Shonraí ina phíosa ríthábhachtach reachtaíochta i Straitéis Sonraí an Aontais. Beidh an CCPC ina údarás inniúil agus ina Comhordaitheoir Sonraí d'Éirinn, agus beidh sé i bhfeidhm ón 12 Meán Fómhair 2025. In 2024, bhí an CCPC ag déanamh réidh chun an ról sin a ghlacadh air féin in 2025.

**Comhairliúchán maidir le Nósanna Imeachta Socraíochta mar a tugadh isteach leis an Acht Iomaíochta (Leasú) 2022**
I samhradh na bliana 2024, thionscain an CCPC comhairliúchán poiblí maidir le nós imeachta atá beartaithe chun socraíochtaí a chomhaontú in imscrúduithe dhlí na hiomaíochta. Tháinig an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2022 i bhfeidhm in 2023, agus leathnaíodh leis cumhacht an CCPC chun dlí iomaíochta an Aontais agus na hÉireann a fhorfheidhmiú agus tugadh isteach leis roinnt athruithe ar an dóigh a bhforfheidhmítear dlí na hiomaíochta in Éirinn. Áiríodh leis sin cumhacht a thabhairt don CCPC – trí oifigigh bhreithnithe neamhspleácha – fíneálacha a ghearradh ar ghnólachtaí a fhaightear gur sháraigh siad dlí na hiomaíochta. Leagtar amach sa Nós Imeachta Socraíochta cur chuige beartaithe an CCPC maidir le dul i mbun plé agus socraíocht a chomhaontú le páirtithe atá á n-imscrúdú i gcás sárú amhrasta ar dhlí na hiomaíochta. Foilseofar na Nósanna Imeachta Socraíochta nua in 2025.

**Aonad Rialála Sonraí Nua**
Bhunaigh an CCPC Aonad Rialála Sonraí tiomnaithe freisin chun ár bhfreagrachtaí nua i réimse na rialála sonraí a chomhlíonadh. D'oibrigh sé leis an líonra atá ag fás d'údaráis inniúla an Aontais agus le baill eile den Bhord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí (EDIB), a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme an Ghnímh um Rialachas Sonraí (GRS) agus an Ghnímh um Shonraí. Rinne an tAonad comhchathaoirleacht ar fhoghrúpa údaráis inniúil freisin a bhí ag féachaint ar an dóigh a bhféadfaí GRS a chur chun feidhme go comhsheasmhach ar fud na hEorpa.


The Irish Times

**Home alarm companies targeted in dawn raids by competition watchdog and Gardai**

Move part of an ongoing criminal investigation into potential breaches of competition law



**Foinse: The Irish Times, 27 Feabhra 2024**

## Úsáid a bhaint as ár gcumhachtaí forfheidhmithe agus comhlíontachta dhlí na hiomaíochta agus an dlí tomhaltóirí

**Tionscnaíodh dhá imscrúdú maidir le sáruithe amhrasta ar dhlí na hiomaíochta (mí-úsáid as ceannasacht)**
D'fhógair an CCPC dhá imscrúdú maidir le sáruithe amhrasta ar dhlí na hiomaíochta (mí-úsáid as ceannasacht) in 2024 Bhain an chéad imscrúdú le cuideachta bogearraí cúraim sláinte (Clanwilliam) agus soláthar bogearraí Ríomhthaifead Leighis (EPR) agus seirbhísí gaolmhara amhail atreoruithe leictreonacha agus seirbhísí teachtaireachtaí téacs. Bhain an dara himscrúdú le Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath agus soláthar bonneagair calafoirt ag Port Bhaile Átha Cliath agus/nó soláthar seirbhísí tarraingthe port ag Port Bhaile Átha Cliath.

**Tionscnaíodh dhá imscrúdú ar ghníomhaíocht a bhain le cairtéal agus ceann amháin ar chás um ghníomhú róluath féideartha**
Tionscnaíodh dhá imscrúdú maidir le sáruithe amhrasta ar dhlí na hiomaíochta (gníomhaíocht a bhain le cairtéal) agus ceann amháin a bhain le gníomhú róluath amhrasta.

Rinne an CCPC cuardaigh gan fógra (dá ngairtear ruathair mhaidine go minic) freisin ar dhá áitreabh faoi bharántais chuardaigh na Cúirte Dúiche, mar chuid d'imscrúdú leanúnach ar leithligh (a osclaíodh in 2023) ar sháruithe féideartha ar dhlí na hiomaíochta. Thacaigh comhghleacaithe ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus ón nGarda Síochána le hOifigigh Údaraithe ón CCPC.

Eisíodh Ceanglais maidir le Faisnéis (RFInna) i gcoinne trí ghnóthas freisin.

Leanadh ar aghaidh leis an ionchúiseamh i gcás amhrasta faoi chúirtamastaíl imthairisceana i seirbhísí iompair scoile, lenar bhain 13 oibreoir iompair phoiblí, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, agus chuidigh an CCPC leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le bainistíocht cásanna le linn 2024. Tá an CCPC ag fanacht le dáta trialach le haghaidh 2025.

**Sraith Buachaillí/Cailíní Scoile Bhaile Átha Cliath agus an Cheantair (DDSL)**
In 2024, d'oibrigh an CCPC le Sraith Buachaillí/Cailíní Scoile Bhaile Átha Cliath agus an Cheantair (DDSL) maidir lena cheanglas go gcaithfeadh gach imreoir polasaí árachais de rogha DDSL a cheannach. Fuair an CCPC, cé nach raibh imní iomaíochta ann mar thoradh ar na ceanglais árachais go bunúsach, gur moladh athruithe nós imeachta (agus gur ghlac DDSL leo ina dhiaidh sin) chun a chinntiú go raibh próisis DDSL trédhearcach agus i gcomhréir le dlí na hiomaíochta.

**An Post**
I mí Eanáir 2024, chríochnaigh ag an CCPC plé leis An Post, an soláthraí seirbhísí poist faoi úinéireacht stáit in Éirinn, maidir le díol agus breisiú Cártaí Leap in ionaid mhiondíola. Is cártaí taistil réamhíoctha iad Cártaí Leap trínar féidir le paisinéirí táillí a íoc ar sheirbhísí iompair phoiblí. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil dó, agus ag cuimhneamh gur ghlac An Post le moltaí an CCPC, chríochnaigh an CCPC a mheasúnú agus chinn sé gan imscrúdú a thionscnamh.

## Aonad Faireachais nua a bhunú

Le Cuid 5 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2022, tugadh isteach leasuithe ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas) 2009, lena dtugtar cumhachtaí faireachais don CCPC maidir le cionta iomaíochta ábhartha. I ndiaidh feachtas earcaíochta rathúil, ceapadh Ceann Faireachais agus tosófar ag earcaíocht chun an fhoireann a fhorbairt tuilleadh in 2025.

## Aonad Breithnithe Iomaíochta a bhunú

Leis an Acht Iomaíochta (Leasú) 2022, tugtar cumhachtaí don CCPC smachtbhannaí airgeadais neamhchoiriúla a fhorchur i leith sáruithe ar dhlí iomaíochta na hÉireann agus an Aontais, faoi réir deimhniú cúirte, trí oifigigh bhreithnithe neamhspleácha. In 2024, lean an CCPC leis an Acht a chur chun feidhme, trí aonad breithnithe iomaíochta tiomnaithe a bhunú agus oibriú chun ceapachán Príomh-Oifigigh Breithnithe agus Oifigigh Breithnithe a chur chun cinn.

## Forfheidhmiú a leabú agus a chur in úsáid

**Cosaint Tomhaltóirí - Cigireachtaí**
Déanann oifigigh an CCPC cigireachtaí gan fógra ar bhonn rialta ar mhiondíoltóirí ar fud na tíre lena chinntiú go bhfuil an dlí um chosaint tomhaltóirí á chomhlíonadh. In 2024, rinneamar cigireacht ar 205 gnólacht, lena n-áirítear 41 ceann ar líne. Ba é sin méadú 12% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ghníomhaíomar i gcoinne 37% de na trádálaithe a ndearnamar cigireacht orthu.

**Cosaint Tomhaltóirí – Liosta um Chosaint Tomhaltóirí**
Tá liosta iomlán mionsonraithe de thorthaí forfheidhmiúcháin, Liosta um Chosaint Tomhaltóirí an CCPC, ar fáil ar shuíomh gréasáin an CCPC. In 2024, ghlacamar 75 gníomh forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear cúig chás cúirte, 47 Fógra Íocaíochta Seasta agus 23 Fógra Comhlíontachta.

Rinne an CCPC cúig ionchúiseamh rathúla in 2024.


- Tesco Ireland Limited ag trádáil mar Tesco Metro, Ionad Siopadóireachta Jervis, mar gur theip air praghsáil aonaid a chur san áireamh ar lipéid phromóisin ar sheilfeanna Tesco Clubcard




Foinse: Irish Independent, 24 Meitheamh 2024

**Hot Press**

# Nearly 100 complaints made to CCPC over Oasis dynamic pricing



Fionse: Hot Press, 4 Deireadh Fómhair 2024

- Centz Stores 5 Limited ag trádáil mar Homesavers, mar gheall gur theip air praghas deiridh táirge in euro a áireamh
- An tUasal Andrius Miliauskas ag trádáil mar Newcastle Motors, mar gheall nár nocht sé tráth an idirbhirt gur craiseáladh feithicil a dhíol sé le tomhaltóir roimhe sin
- An tUasal Patrick Doyle ag gníomhú mar dhíoltóir do Felix Byrne, trádálaí aonair, ag trádáil mar Tinnock Motors, gnólacht ar a dtugtar Byrnes Garage de ghnáth, mar gheall nár nocht sé tráth an idirbhirt gur craiseáladh feithicil a dhíol sé le tomhaltóir roimhe sin
- Greenhill Motors Limited, as tomhaltóir a chur amú nó a mhealladh i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le heasnaimh mheicniúla maidir le feithicil a dhíol Greenhill Motors Limited leo

**Fógraí Íocaíochta Seasta**
Seirbheáladh 47 Fógra Íocaíochta Seasta (FÍSnna) ar 27 trádálaí, i gcás na saincheisteanna seo a leanas:
- Níor léiríodh praghas díola táirge: 35 FÍS
- Níor taispeánadh fógra ina sonraítear cineál agus praghas díola deochanna in áitreabh ceadúnaithe: ocht FÍS
- Níor léiríodh praghas díola táirge: FÍS amháin

**Fógraí Comhlíontachta**
Seirbheáladh 23 Fógra Comhlíontachta ar 19 dtrádálaí in 2024. Den chéad uair riamh, ghlac an CCPC beart i gcoinne tionchairí nár nocht cineál tráchtála a bpostálacha meán sóisialta.

**Ticketmaster**
I Meán Fómhair 2024, thionscain an CCPC imscrúdú ar Ticketmaster Ireland agus an dóigh ar láimhseáil sé díol ticéad Oasis ag deireadh seachtaine an 31 Lúnasa 2024. Bhí sé sin de thoradh athbhreithniú ar níos mó ná 100 gearán a fuair líne chabhrach an CCPC.

**The Journal**

# Nicki Minaj fans calling for refunds after ‘disgraceful’ Malahide Castle concert set

Minaj was an hour and a half late beginning her set and performed for under an hour.



Fionse: The Journal, 8 Iúil 2024

**Idirghabhálacha luatha do leachtaitheoirí**
Mar fhreagairt thapa ar fhaisnéis a bailíodh trí mhonatóireacht réamhghníomhach ar líne in 2024, chuir an CCPC tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta maidir le cuideachtaí a bhí ag dul faoi riarachán. I gcás Wild Roots Festival, rinne an CCPC imscrúdú foirmiúil agus d'eisigh sé fógra comhlíontachta inar ordaíodh d'eagraithe aisíocaíocht a thabhairt do thomhaltóirí. Bhí rannpháirtíocht luath ann le leachtaitheoirí ina ndearnadh maoirseacht ar riarachán Carpetright Ltd, Homebase, agus DK Windows and Doors Ltd. I gcás Homebase, mar chuid den rannpháirtíocht a bhí ag an CCPC leis an leachtaitheoir, aontaíodh go seasfaí le horduithe tomhaltóirí nó go dtabharfaí aisíocaíocht i gcás nárbh fhéidir é sin a dhéanamh. Leanadh le dearbháin a ghlacadh freisin.

**Limerick Live**

**Festival-goers urged to get refunds after shock cancellation of Wild Roots 2024**



Wild Roots 2024 was cancelled with just a week to go

Fionse: Limerick Live, 31 Bealtaine 2024

## Rialachán

**Idirghabhálaithe creidmheasa**
Mar chuid de fhreagrachtaí idirghabhálaíthe creidmheasa an CCPC, eisíodh 1,013 údarú idirghabhálaí creidmheasa in 2024. D'eisigh an CCPC trí cheadúnas do gheallbhróicéirí freisin.

## Ag obair leis an gCoimisiún Eorpach, údaráis na mBallstáit eile agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile

**Iomaíocht**
In 2024, thug an CCPC cúnamh d'údaráis iomaíochta náisiúnta de chuid Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2023 ón gComhairle. Foráiltear leis na forálacha sin gur féidir le húdarás iomaíochta de chuid Ballstáit amháin a iarraidh ar údarás iomaíochta de chuid Ballstáit eile cigireacht nó beart eile aimsithe fíricí a dhéanamh ar a chríoch thar ceann agus do chuntas an údaráis iomaíochta a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige.

I mí an Mhárta 2024, chuidigh baill foirne an CCPC le húdarás iomaíochta na hIodáile le cigireacht gan fógra a dhéanamh ar cheanncheathrú Ryanair i mBaile Átha Cliath.

I mí na Samhna 2024, chuidigh an CCPC le húdarás iomaíochta na Spáinne le himscrúdú Spáinneach atá ar siúl trí iarratas ar fhaisnéis a eisiúint chuig forbróir aipeanna atá lonnaithe in Éirinn.

In 2024, chuidigh an CCPC le húdarás iomaíochta na Liotuáine le himscrúdú atá ar siúl trí iarratas ar fhaisnéis a eisiúint chuig gnóthas in Éirinn.

**Gníomhaíocht um Chosaint Tomhaltóirí**
Tá an CCPC ina chomhalta de Ghréasán an Aontais um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí. Mar chomhalta den ghréasán, oibríonn údaráis náisiúnta tomhaltóirí le chéile chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe forleathana ar dhlí tomhaltóirí an Aontais agus chun beart a dhéanamh chun dul i ngleic leo agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais tráchtála trádálaithe. In 2024, d'aontaigh an CCPC go ndéanfadh sé comhcheannaireacht ar ghníomhaíochtaí comhordaithe an Ghréasáin CPC a seoladh ar Temu, Shein agus Apple.

In 2024, ghlac an CCPC páirt in dhá chomórtas mar chuid den Ghréasán CPC freisin. I gcuardach amháin ar 356 trádálaí, a dhíolann earraí amhail éadaí, oiriúintí agus trealamh leictreonach, arna dhéanamh ag údaráis tomhaltóirí i 25 ballstát, san Íoslainn agus san Iorua, fuarthas go bhféadfadh sé go raibh an dlí tomhaltóirí á shárú ag níos mó ná leath acu, mar shampla, gan tomhaltóirí a chur ar an eolas i gceart faoina gceart maidir le hearraí lochtacha nó earraí nach raibh an chuma orthu nó nár oibrigh mar a bhí fógartha a thabhairt ar ais.

I gcuardach níos lú ar 104 suíomh gréasáin, fuarthas gur chuir formhór na dtrádálaithe faisnéis teagmhála éigeantach ar fáil do thomhaltóirí rud a chiallaíonn go bhfuil a fhios ag tomhaltóirí cé leis ar féidir leo teagmháil a dhéanamh má bhíonn fadhb acu.

In 2024, mar thoradh ar chuardach roimhe seo, bhain Rentalcars.com, suíomh gréasáin tríú páirtí do charranna ar cíos a úsáideann Ryanair Car Hire agus Booking.com, faisnéis mhíthreorach, i ndáil le hárachas, óna shuíomhanna gréasáin agus rinne sé athruithe eile lena chinntiú go soláthraíodh faisnéis shoiléir agus chruinn do thomhaltóirí chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh.

**Irish Independent**

## Irish consumer protection authority launches probe into Temu

Chinese online retail giant Temu has been given one month to respond with proposals to address potential consumer protection issues identified in an investigation by agencies in Ireland, Belgium and Germany.



Fionse: Irish Independent, 8 Samhain 2024

**Iarratais ar thacaíocht ó bhallstáit eile**
Tá an CCPC ainmnithe mar údarás inniúil faoi Rialachán an Aontais maidir le Comhar ar Mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC). Le Rialachán CPC, féadfaidh na ballstáit iarratas ar fhorfheidhmiú nó iarratas ar fhaisnéis a dhéanamh chuig ballstáit eile chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe trasteorann ar an dlí um chosaint tomhaltóirí. In 2024, fuair an CCPC cúig iarratas chun bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh maidir le trádálaithe atá lonnaithe in Éirinn, chuir sé iarratas forfheidhmiúcháin amháin chuig ballstát eile, agus fuair sé seacht n-iarratas ar fhaisnéis.

Eisítear foláirimh faoin Rialachán CPC freisin i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann go bhfuil sárú amhrasta ar an dlí tomhaltóirí ag cur isteach ar leasanna tomhaltóirí i mballstát eile. In 2024, fuair an CCPC 21 foláireamh dá leithéid ó bhallstáit eile agus d'eisigh sé dhá cheann.

## Faireachas agus cigireachtaí margaidh a dhéanamh, agus oibriú leis na Custaim

**Safety Gate**
Rinne an CCPC imscrúdú ar 129 fógra ó Éirinn agus ar fud na hEorpa maidir le táirgí contúirteacha. Mar thoradh air sin, aistarraingíodh nó aisghaireadh 151,404 táirge ó mhargadh na hÉireann. Inár ról mar Phointe Teagmhála Náisiúnta in Éirinn do Safety Gate, arb é córas foláirimh thapa an Aontais é maidir le hearraí tomhaltóra neamhbhia contúirteacha, chuireamar oiliúint agus comhairle ar 18 n-údarás faireachais margaidh (MSAnna) in Éirinn chun obair leantach a dhéanamh ar tháirgí riosca tromchúiseacha ar fud na hEorpa a théann i gcion ar thomhaltóirí na hÉireann.

**Cigireachtaí agus imscrúduithe réamhghníomhacha**
Rinne an CCPC cigireacht ar 312 trádálaí, 1,049 táirge agus chuir sé 47 táirge a bhí ar mhargadh na hÉireann chuig tástáil saotharlainne, lena n-áirítear téitheoirí leictreacha a phlugáiltear isteach, gobáin leanaí, archathaoireacha do naíonáin, bréagáin ghníomhaíochta do leanaí agus slabhraí soilse allamuigh..

Mar thoradh ar an obair réamhghníomhach sin, rinneadh 25,102 táirge contúirteach a aisghairm agus a aistarraingt ó mhargadh na hÉireann, lena n-áirítear 7,356 sealbhóir gobáin linbh.

Leanamar le forfheidhmiú ár n-imscrúdaithe roimhe seo ar chlogaid iomána trí 320 leathanach a bhaint de mhargaí ar líne a bhí ag díol clogaid iomána chontúirteacha Gola.

**Gearáin faoi shábháilteacht táirgí**
I ndiaidh gearán agus atreoruithe, thionscain an CCPC 107 imscrúdú, agus mar thoradh ar 50 ceann acu sin, rinneadh táirge a aisghairm, a aistarraingt nó a bhaint den liostú ar líne. Áiríodh leo sin 2,412 bréagán ceallra cnapchille contúirteach, 15,000 bréagán meaisín ladhrach agus 51 luchtaire ceallraí in-athluchtaithe.

**Custaim**
Ag obair i gcomhar leis na Custaim Ioncaim, rinne an CCPC cigireacht ar 81 coinsíneacht agus d'eisigh sé 18 bhfógra forfheidhmiúcháin chuig allmhaireoirí a rinne iarracht táirgí neamhchomhlíontacha a thabhairt isteach go hÉirinn.

Reáchtáil an CCPC sé cheardlann do bhreis agus 90 oifigeach Custam Ioncaim ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Port Bhaile Átha Cliath maidir le sábháilteacht táirgí mar chuid dár gcomhoibriú leis na Custaim agus lena n-oifigigh ionas nach sroicheadh táirgí contúirteacha tomhaltóirí na hÉireann.

**Irish Examiner**

## Teething jewellery joins watchdog ban list



Popular among parents, teething jewellery such as amber necklaces have joined a growing list of banned products

Fionse: Irish Examiner, 7 Meitheamh 2024

# Córas forfheidhmithe cumasc éifeachtach a sholáthar

In 2024, fuair an CCPC 82 fógra cumaisc. Is é sin méadú 20.6% ar líon na gcumasc ar tugadh fógra dóibh in 2023. D'eisigh an CCPC 77 cinneadh, lena n-áirítear seacht gcinn a bhain le cásanna a tugadh anonn ó 2023.


In 2024, rinneadh 55 cinneadh (thart ar 71%) faoi Nós Imeachta Simplithe um Fhógra Cumaisc (SMNP) an CCPC agus réitíodh na cumaisc sin laistigh de 13.3 lá ón bhfógra, ar an meán. I gcomparáid leis sin, in 2023, thuairiscíomar gur eisíodh 33 cinneadh (50%) faoin SMNP. Maidir le cumasc eile amháin ar tugadh fógra dó in 2023 agus a tugadh ar aghaidh go dtí 2024, d'fhógair an CCPC in 2024 go raibh sé neamhbhailí faoi Alt 18(12) den Acht Iomaíochta 2002.

Tugadh fógra faoi trí chumasc meán don CCPC in 2024 i gcomparáid le cúig cinn in 2023.

Ba é 16.3 an meánlíon laethanta oibre chun cinneadh Chéim 1 a bhaint amach i gcásanna neamhshínte, arb é sin laghdú ar 2023 (18.7 lá oibre) – ba é a bhí taobh thiar den laghdú sin den chuid ba mhó méadú suntasach ar chion na gcumasc ar tugadh fógra dóibh faoi SMNP an CCPC.

Bhí imscrúdú Chéim 1 sínte ag teastáil i gcás aon fhógra dhéag (rud a chiallaíonn gur eisigh an CCPC riachtanas le haghaidh tuilleadh faisnéise chuig páirtí amháin nó níos mó a bhí páirteach sa chumasc rud a stop agus a atosaigh 'clog' athbhreithnithe an chumaisc).

Chuir an CCPC ocht n-imscrúdú Chéim 2 chun cinn le linn 2024. Astu sin, réitíodh trí cinn gan choinníoll gan Measúnú a eisiúint, réitíodh ceann amháin le leigheasanna agus gan Measúnú a eisiúint, cuireadh cosc ar cheann amháin agus tugadh trí cinn ar aghaidh go dtí 2025 (ceann amháin i ndiaidh Measúnú a eisiúint).




# Cás-staidéar:
# Bac Carrchlóis ar daa

I mí an Mhárta 2024, chuir an CCPC bac ar cheannach beartaithe ag láithreáin an tsean-charrchlóis 'QuickPark' ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag daa Fuarthas in imscrúdú an CCPC go ndéanfaí laghdú suntasach ar an iomaíocht i bpáirceáil a fhreastalaíonn ar Aerfort Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an margadh, toisc go mbeadh os cionn 90% de na spásanna páirceála poiblí ag daa dá rachadh an ceannach ar aghaidh. I dtuairim an CCPC, bheadh iarmhairtí díobhálacha aige sin ar thomhaltóirí, lena n-áirítear praghsanna d'fhéadfadh a bheith níos airde. Cinnteofar le córas cumasc na hÉireann nach gceadófar cumaisc ach amháin i gcás nach ndéanfar laghdú suntasach ar an iomaíocht leo. Murab amhlaidh an cás, agus i gcás nach bhfuil aon roghanna oiriúnacha ar fáil chun na hábhair imní iomaíochta a leigheas, cuirfidh an CCPC cosc ar an gcumasc. Is é ár sprioc a chinntiú go gcosnófar an iomaíocht chun leasa na dtomhaltóirí.



**The Irish Times**

## Competition watchdog open to short-term lease on former Quick Park site at Dublin Airport



Airport operator daa signals that State-owned company is no longer looking at that option

**Fionse: The Irish Times, 3 Iúil 2024**

**The Journal**



## Dublin Airport seeking to operate the same private car park it tried to buy after bid blocked

The daa bosses said some passengers should consider taking alternative transports methods this summer.

**Fionse: The Journal, 1 Bealtaine 2024**

## Ár rannpháirtíocht leis an bpobal gnó a fheabhsú chun comhlíonadh a spreagadh

**Imeachtaí**
D'fhreastail an fhoireann Margaíochta agus For-rochtana ar Thearmann Miondíola Fheabhas Miondíola Éireann (REI) i mí na Bealtaine 2024 agus reáchtáladh dhá sheimineár gréasáin ina dhiaidh sin do bhaill REI ar na topaicí Díol le Tomhaltóirí agus Rialacháin maidir le Praghsáil.

Thionóil an CCPC seimineár gréasáin do bhaill foirne Fhiontraíocht Éireann/Líonra na nOifigí Fiontar Áitiúil agus foilsíodh ailt le baill foirne CCPC ar chamastaíl imthairisceana agus ar chairtéil sa PAI Review agus in iris eolas.

D'óstáil an CCPC seastán ag Comórtais Náisiúnta Treabhadóireachta 2024 i Ráithín an Uisce, Contae Laoise mar chuid de Shráidbhaile Rialtas na hÉireann agus bhí áthas orthu fáilte a chur roimh an Aire Peter Burke.

**Iartaí gáis**
Mar thoradh ar mhonatóireacht dhíograiseach leanúnach an CCPC ar chláir dheisiúcháin monaróirí agus dhá fheachtas cumarsáide bhreise chun tomhaltóirí a chur ar an eolas tuilleadh, tá iartaí gáis sábháilte ag os cionn 1,700 tomhaltóir anois. Bhí sé sin de thoradh ar fheachtas in 2023, nuair a d'oibrigh an CCPC le monaróirí iartaí gáis chun cloí le rialacháin sábháilteachta.

**Ceardlann um Shábháilteacht Táirgí Ginearálta Choimisiún an Aontais Eorpaigh**
D'óstáil an CCPC foireann sábháilteachta táirgí de chuid Choimisiún AE chun ceardlann chomhpháirteach a reáchtáil do ghnólachtaí arbh suim leo tuilleadh eolais a fháil faoina n-oibleagáidí faoin Rialachán nua maidir le Sábháilteacht Táirgí Ginearálta.





**Comhairliúchán maidir le Treoirlínte Cumasc**
I bhfómhar na bliana 2024, d'oscail an CCPC comhairliúchán poiblí maidir le glacadh na dTreoirlínte athbhreithnithe maidir le hAnailís ar Chumaisc. Cumhdaítear leis na Treoirlínte gach ceann de na réimsí anailíse a fhéadfaidh an CCPC a dhéanamh lena fháil amach an dtiocfadh laghdú suntasach ar an iomaíocht in aon mhargadh earraí nó seirbhísí sa Stát mar thoradh ar chumasc.

**Bricfeasta na gcumasc**
I mí na Nollag 2024, thionóil an CCPC a chruinniú bliantúil faisnéise do pháirtithe leasmhara, Bricfeasta na gCumasc, i gcás inar chuir an rannóg cumasc staidreamh tábhachtach ó 2024 i láthair, agus inar tarraingíodh aird ar phríomhchinntí. Bhí plé painéil agus deis do phlé ann i ndiaidh an chur i láthair.

**The Irish Times**

## Big businesses should face bigger fines for consumer protection breaches, watchdog says

Competition commission warns pub owners to display prices or face penalties



Fionse: The Irish Times, 25 Aibreán 2024

**Comhfhreagras fíoncheannaithe**
I mí Aibreáin 2024, scríobh an CCPC chuig Cónaidhm Fhíoncheannaithe na hÉireann agus chuig Cumann na bhFíoncheannaithe Ceadúnaithe ag iarraidh orthu a chur i gcuimhne d'úinéirí tithe tábhairne ar fud na tíre cloí le dlíthe taispeána praghsanna. Rinneadh é sin i ndiaidh 13 fhógra pionóis sheasta a eisiúint chuig naoi dtrádálaí i mBaile Átha Cliath agus i gCill Dara as sárú a dhéanamh ar an Ordú chun Praghsanna Miondíola (Deochanna in Áitreabh Ceadúnaithe) a Thaispeáint agus roimh chigireachtaí breise. Tugadh aird fhorleathan don litir sna meáin.

**Feasacht a mhúscailt maidir le camastail imthairisceana agus sceithireacht**
Tugadh cur i láthair maidir le camastail imthairisceana agus sceithireacht dóibh seo a leanas: Iarnród Éireann, Comhairlí Contae Dhún na nGall agus Bhaile Átha Cliath agus Líonra Soláthraithe Soláthair Rialtais in Údarás Áitiúil Luimnigh. Scaipeadh faisnéis lenar cuireadh ardán sceithireachta gan ainm an CCPC chun cinn ag na himeachtaí sin freisin. Thug Comhalta den Choimisiún, Úna Butler, cur i láthair faoi chamastail imthairisceana mar chuid den Mháistir-Rang Soláthair arna urrú ag an CCPC ag Gnóthaí Poiblí Éireann.

**Teagmhálacha Tomhaltóirí agus Scagadh Comhlíontachta**
Rinne an CCPC scagadh ar 2,871 teagmháil a fuarthas tríd an líne chabhrach maidir le sáruithe féideartha ar dhlíthe um chosaint tomhaltóirí. Mar thoradh ar scagadh, cuireadh 224 trádálaí ar liosta faire le haghaidh tuilleadh maoirseachta, eisíodh litreacha luath-rannpháirtíochta chuig 56 trádálaí, agus atreoraíodh 73 trádálaí chuig ár rannóg forfheidhmithe tomhaltóirí le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.

**Litreacha luath-rannpháirtíochta chun tomhaltóirí a chosaint**
I ndiaidh scagadh glaonna a rinneadh chuig líne chabhrach an CCPC, seoladh 56 litir luath-rannpháirtíochta chuig trádálaithe ó thrádálaithe aonair agus ar líne go siopaí ilranna agus miondíoltóirí idirnáisiúnta. Pléadh sna litreacha sáruithe féideartha ar dhlíthe um chosaint tomhaltóirí, amhail comharthaí praghais míthreoracha, earraí lochtacha, faisnéis réamhchonarthach, aisíocaíochtaí agus polasaithe maidir le hearraí ar ais. Mar thoradh ar ár luath-rannpháirtíocht, bhain an CCPC comhlíonadh deonach amach ó sheacht dtrádálaí. Rinne nóta de thrádálaithe nár chomhlíon na rialacháin le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.

**Institiúid na Measúnóirí Gluaisteán**
Thug foireann forfheidhmithe an CCPC cur i láthair d'Institiúid na Measúnóirí Gluaisteán ar chosaint tomhaltóirí agus forfheidhmiú.

# Sprioc Straitéiseach 2

# Cumhachtaigh agus Cuir ar an Eolas

UAILLMHIAN: Lena chinntiú go mbeidh gach tomhaltóir curtha ar an eolas gus cumhachtaithe, rud a chuireann ar a gcumas cinntí fiúntacha a dhéanamh, go háirithe i margaí casta agus atá ag athrú

BEARTA:
- Rannpháirtíocht mhéadaithe tomhaltóirí lenár gcainéil chumarsáide agus lenár gcláir oideachais airgeadais.
- Feasacht mhéadaithe ar an CCPC i measc tomhaltóirí agus gnólachtaí
- Ardleibhéal sástachta custaiméirí a choinneáil ar bun lenár seirbhísí faisnéise agus lenár gcláir oideachais airgeadais


## Rannpháirtíocht tomhaltóirí leis an CCPC a mhéadú

**Líne chabhrach: rinne 44,000 tomhaltóir teagmháil le líne chabhrach an CCPC in 2024**

Tacaíonn líne chabhrach an CCPC le tomhaltóirí trí fhaisnéis a sholáthar dóibh maidir le cearta tomhaltóirí agus táirgí airgeadais phearsanta. Déantar glaonna chuig an líne chabhrach a scagadh maidir le sáruithe féideartha ar an dlí, agus treoraítear ár ngníomhaíocht forfheidhmithe agus cuirtear bonn eolais faoinár n-abhcóideacht le faisnéis.

In 2024, rinne 44,247 tomhaltóir teagmháil leis an CCPC – os cionn 5,000 níos mó ná 2023, méadú 13%. Ba iad fadhbanna le gluaisteáin ba mhó cúis leis na glaonna, agus bhain beagnach 5,500 teagmháil le feithiclí agus iompar. Dúirt na tomhaltóirí a chuir faisnéis ar fáil faoi cheannachán gur chaith siad meán de €6,013 ar na hearraí nó na seirbhísí a ndearna siad teagmháil leis an líne chabhrach fúthu.

### Na fiosruithe is coitianta ó thomhaltóirí




**Na cúig chatagóir fiosraithe is mo ó thomhaltóirí a rinne teagmháil leis an CCPC in 2024.**
**Baineann 63% de na teagmhálacha iomlána a fuarthas sa tréimhse sin leis na cúig chatagóir sin.**
**Taispeántar líon na dteagmhálacha a fuarthas sna catagóirí sin in 2023 chun críche comparáide.**




The Irish Times

# Eir, Ryanair and Sky most likely to be referenced by callers as consumer complaints rise 18%


Vodafone, Harvey Norman and Currys were also among the top 10

Fionse: The Irish Times, 14 Lúnasa 2024




Teagmhálacha airgeadais phearsanta chuig an CCPC in 2024 liostaithe de réir catagóire.

# Na deich earnáil ghnó is mó




**Suíomh gréasáin**
Cuireann suíomh gréasáin an CCPC faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir le cearta tomhaltóirí, faisnéis úsáideach do ghnólachtaí agus táirgí agus seirbhísí airgeadais phearsanta. In 2024, chuireamar fáilte roimh 1,835,011 cuairteoir.

Tairgimid áireamháin chun cuidiú le tomhaltóirí a gcuid airgid a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla agus uirlisí comparáide chun cuidiú le tomhaltóirí an táirge is fearr dóibh féin a roghnú.

Cumhdaíodh ar na leathanaigh ghréasáin ba mhó tóir de chuid CCPC cearta tomhaltóirí agus ceannach tí, chomh maith le pleananna conartha pearsanta, coigilteas agus infheistíochtaí.

**Uirlisí Airgid**
Le hUirlisí Airgid an CCPC leantar leis an ábhar is mó tóir do chuairteoirí ar an suíomh gréasáin a sholáthar. In 2024, tugadh 740,789 cuairt ar uirlisí airgid; ba í an uirlis chomparáide morgáistí an ceann ba mhó tóir, ar bhain 37% den trácht leis. Bhailigh an uirlis chomparáide iasachtaí pearsanta os cionn 92,000 amharc.

In 2024, bhí 807 táirge beo ar Uirlisí Airgid, agus ghlac dhá sholáthraí nua páirt sa suíomh: Banc Raisin le cuntais choigiltis agus Núa le haghaidh morgáistí. Rinneadh 1,830 nuashonrú ar tháirgí ó sholáthraithe a sheiceáil agus a dheimhnigh an CCPC.

**Inrochtaineacht**
Mar thoradh ar an obair a rinneadh chun ábhar agus PDFanna níos sine ar an suíomh a athfhormáidiú, bhain suíomh gréasáin an CCPC scór inrochtaineachta de 96.87% amach ó thuarascáil monatóireachta bhliantúil 2024 an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Cuireann sé sin an CCPC sa 11ú háit as na 232 suíomh a ndearnadh iniúchadh orthu.

**Nuachtlitir do thomhaltóirí**
In 2024, mhéadaíomar bonn síntiúsóirí ár nuachtlitreach ó 9,596 go 9,961, méadú 4%. Sheolamar 12 nuachtlitir le meánráta oscailte 52% agus meánráta cliceáil trí 8%. Osclaíodh 52,837 uair iad.

**Feachtais na Meán**
Rinne an CCPC 30 agallamh meán náisiúnta agus 59 agallamh réigiúnach i réimse leathan réimsí le linn 2024. D'fhreagraíomar 321 fiosrú ó aonaid na meán agus d'eisíomar 49 fógra preasa freisin.

Áiríodh leis an ngníomhaíocht 14 fheachtas meán tomhaltóirí chun aird a tharraingt ar fhaisnéis a d'fhéadfadh cuidiú le tomhaltóirí a bheith ar an eolas faoina gcearta agus a gcearta a fháil, a gcuid airgid a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus iad a choinneáil slán ó tháirgí lochtacha.

## Cearta tomhaltóirí

| Feachtas | Amscála | Príomhtheachtaireacht |
|---|---|---|
| Tuarascáil Náisiúnta na Líne Cabhrach / Lá Domhanda um Chearta Tomhaltóirí | Márta / Lúnasa | Dlíthe um chosaint tomhaltóirí agus cearta tomhaltóirí a chur i gcuimhne do thomhaltóirí nuair a théann rudaí amú |
| Taispeáint praghsanna | Aibreán | Taispeáint praghsanna cearta tomhaltóirí a chur chun cinn san earnáil fáilteachais, mar aon le meabhrúcháin d'úinéirí tithe tábhairne faoina bhfreagrachtaí |
| Féilte a chur ar ceal | Bealtaine | Rabhaidh agus comhairle do thomhaltóirí maidir le haisíocaíochtaí i ndiaidh féile a chur ar ceal |
| Comhairle faoi thaisteal | Iúil | Comhairle taistil riachtanach do thomhaltóirí maidir lena gcearta má théann rudaí amú |
| Aoine Mhór na Siopadóireachta | Samhain | Comhairle maidir le siopadóireacht sladmhargaidh, mar aon le taighde inar léiríodh go raibh laghdú suntasach tagtha ar shuim tomhaltóirí in Aoine Mhór na Siopadóireachta agus sa Chibear-Luan |
| Ceart tomhaltóirí um earraí ar ais | Nollaig | Comhairle do thomhaltóirí maidir lena gcearta um earraí agus bronntanais nach dteastaíonn a thabhairt ar ais, mar aon le taighde ar fheasacht ar chearta |

## Airgeadas Pearsanta

| Feachtas | Amscála | Príomhtheachtaireacht |
|---|---|---|
| Costais maidir leis an scoilbhliain nua | Iúil | Comhairle maidir le héidí, gléasanna agus ranníocaíochtaí deonacha, agus tugadh chun suntais i dtaighde cuid na costais fholaithe a bhaineann le hoideachas do theaghlaigh |
| Pinsin | Meán Fómhair | Glao chun pinsin a chur ar bun agus le haghaidh tacaíocht d'fhostóirí chun é sin a dhéanamh, mar gur léiríodh i dtaighde CCPC nach bhfuil aon socruithe déanta ag duine amháin as gach cúigear (21%) |
| Nollag níos costasaí | Nollaig | Comhairle maidir le buiséadú séasúrach agus roghanna creidmheasa, mar aon le taighde lena léirítear an caiteachas tomhaltóirí measta |


## Sábháilteacht Táirgí

| Feachtas | Amscála | Príomhtheachtaireacht |
|---|---|---|
| Seodra ómra | Meitheamh | Rabhadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí gan seodra ómra a úsáid mar áiseanna gearradh fiacla dá leanaí |
| Iartaí gáis | Aibreán agus Samhain | Fógra sábháilteachta práinneach agus clár deisiúcháin maidir le hiartaí gáis áirithe a phoibliú |
| Samhain | Deireadh Fómhair | Leideanna sábháilteachta séasúracha do thuismitheoirí agus do chúramóirí maidir le cultacha agus oiriúintí Oíche Shamhna do leanaí |
| Ceallraí cnapchille | Nollaig | Rabhadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí faoi na rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le ceallraí cnapchille roimh an Nollaig |

**Colún Tomhaltóirí in Sunday Independent**
Cuireann an CCPC faisnéis luachmhar ar fáil do thomhaltóirí faoina gcearta agus faoina gcúrsaí airgeadais phearsanta trí cholún tiomnaithe in The Sunday Independent, a fhoilsítear gach coicís i gcló agus san eagrán digiteach. Sa cholún sin, pléitear dhá cheist ó thomhaltóirí i ngach eagrán.

**Na meáin shóisialta**
Bhí 58,656 leantóir ag an CCPC ar na meáin shóisialta in 2024. Is é sin méadú 7% ar 2023. Is é Facebook an t-ardán is mó tóir fós, le 37,693 leantóir. Ba iad na hardáin a bhain an fás is mó ar líon na leantóirí amach Instagram le 29% agus LinkedIn le 40%. Tháinig laghdú 30 na leantóirí X (Twitter roimhe seo).

## Comparáid idir Leantóirí





**Na postálacha is mó tóir ar na meáin shóisialta**










## Buann an CCPC trí ghradam meán sóisialta

Bhuaigh an CCPC trí Ghradam Meán Sóisialta (ar a dtugtar na Sockies freisin) in 2024. Fuair an fhoireann bonn airgid sa chatagóir chuntais 'Best State Body Instagram' agus bonn airgid eile don fheachtas físeáin Money Clinic. Fuarthas gradam cré-umha don fheachtas sábháilteachta táirgí Water Beads.



## Feachtais feasachta tomhaltóirí

Reáchtáil an CCPC sé fheachtas feasachta phoiblí phraiticiúla agus léirsteanacha in 2024, arna dtreorú le faisnéis faoin margadh, taighde tomhaltóirí agus eacnamaíocht iompraíochta chun tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais éagóracha agus ar tháirgí contúirteacha.

I gcás dhá cheann de na feachtais sin – "Seiceálacha carranna" agus "Bíodh smacht agat ar do chuid airgid" – d'oibríomar le comhpháirtithe meán, seachas feachtas meán ilchainéal traidisiúnta.

**Comhpháirtíochtaí Meán**

**Seiceálacha carranna:** Chuaigh an CCPC i gcomhpháirtíocht le IrishMirror.ie le haghaidh comhpháirtíocht trí mhí a raibh sé mar aidhm aici oideachas a chur ar thomhaltóirí faoi na seiceálacha ba chóir dóibh a dhéanamh sula gceannaíonn siad carr.

Bhí sé fhíseán "Déileálaí faoi Cheilt" sa fheachtas inar clúdaíodh carranna cloig, 'déileálaithe faoi cheilt', cearta tomhaltóirí má bhíonn lochtanna athfhillteacha acu, Ceannach ar Cíos agus Pleananna Conarthaí Pearsanta. Spreagadh léitheoirí chun an "Tráth na gCeist 'Car Savvy'" a dhéanamh lena gcuid eolais a thástáil agus a fheiceáil cé chomh réidh agus a bhí siad le carr a cheannach. Bhí ailt oideachasúla, taispeántas digiteach agus ábhar sóisialta mar chuid den chomhpháirtíocht freisin. Bhain an chomhpháirtíocht 4.7 milliún imprisean agus 42,929 amharc leathanaigh amach.

**Bíodh smacht agat ar do chuid airgid:** Chruthaíomar comhpháirtíocht ábhair ardtionchair sé seachtaine le The Irish Independent. Tá faisnéis faoi tháirgí airgeadais agus faoi shaincheisteanna airgeadais phearsanta le fáil sa rannán Mol Airgid ar shuíomh gréasáin an CCPC. Bunaithe ar threochtaí margaidh agus anailísíocht suíomhanna gréasáin, dhírigh an feachtas ar: creidmheas, pinsin agus cur chun cinn Uirlisí Airgid an CCPC (rogha comparáidí táirgí airgeadais agus áireamhán).

Le meascán straitéiseach an fheachtais d'ábhar urraithe, tráth na gceist suimiúil, taispeántas spriocdhírithe agus físeáin shaincheaptha, spreagadh rannpháirtíocht eisceachtúil. Leis an ábhar dúchasach, tráth na gceist agus na físeáin, baineadh 904,488 amharc amach agus leis an ngníomhaíocht taispeána, baineadh beagnach 4.8 milliún imprisean amach.

### Cearta tomhaltóirí

| Feachtas | Príomhchuspóirí |
|---|---|
| Cearta tomhaltóirí | Tomhaltóirí a chur ar an eolas go bhfuil cearta láidre acu má bhíonn fadhb acu le ceannachán |
| Morgáiste a athrú | Iarratasóirí morgáiste agus sealbhóirí morgáiste a spreagadh chun Uirlis Airgid chomparáide, saor in aisce an CCPC maidir le morgáistí a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir na morgáistí éagsúla atá ar fáil ó na príomhsholáthraithe airgeadais |
| Seiceálacha carranna | Faisnéis ba chóir a bheith ar eolas ag tomhaltóirí sula gceannaíonn siad carr a chur ar fáil dóibh, e.g. seicliosta ceannaitheoirí carranna an CCPC a úsáid, agus na roghanna maoinithe éagsúla a thuiscint |
| Bíodh smacht agat ar do chuid airgid | An CCPC a chur chun cinn mar sholáthraí faisnéise airgeadais phearsanta neamhspleách saor in aisce agus chun thomhaltóirí a chumasú chun cinntí airgeadais dearfacha a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le pinsin agus rogha creidmheasa |
| Ceannaigh Anois Íoc Níos Déanaí | Litearthacht airgeadais tomhaltóirí a mhéadú maidir le cineálacha creidmheasa 'Ceannaigh Anois Íoc Níos Déanaí' (BNPL) agus daoine a spreagadh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis airgeadais saor in aisce ar shuíomh gréasáin an CCPC |
| Ceannaigh go cliste d'Aoine Mhór na Siopadóireachta/don Nollaig | Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta láidre i gcás ina bhfuil fadhbanna acu le ceannachán agus, má chaitheann siad creidmheas a úsáid ag druidim leis an Nollaig, iad a spreagadh chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoin gcineál creidmheasa a úsáideann siad |

| Ainm an Fheachtais: | Cuairteanna ar ccpc.ie | Tionchar ar na Meáin Shóisialta | Rannpháirtíocht Shóisialta |
|---|---|---|---|
| **Cearta tomhaltóirí** | 19,770 | 3,226,134 | 983,682 |
| **Morgáiste a athrú** | 51,659 | 1,196,995 | 456,609 |
| **Seiceálacha carranna*** | 9,677 | - | - |
| **Bíodh smacht agat ar do chuid airgid*** | 35,508 | - | - |
| **Ceannaigh Anois Íoc Níos Déanaí** | 13,860 | 1,045,143 | 205,854 |
| **Ceannaigh go cliste d'Aoine Mhór na Siopadóireachta/don Nollaig** | 23,561 | 1,519,800 | 322,338 |

* Comhpháirtíocht, níl aon fhigiúirí ar fáil maidir le tionchar ar na meáin shóisialta agus rannpháirtíocht shóisialta

**Urraíocht**
**The Complaints Bureau ar RTÉ a hAon:** Rinne an CCPC urraíocht ar shraith teilifíse nua, 'The Complaints Bureau'. Craoladh an tsraith teilifíse ocht n-eipeasóid sin ar RTÉ a hAon i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2024. Thiúnáil an lucht féachana isteach chun féachaint ar an bpleanálaí airgeadais Eoin McGee ag dul i ngleic le saincheisteanna tomhaltóirí sa saol mar atá le cuidiú ó na hiriseoirí cáiliúla gnóthaí tomhaltóirí Conor Pope, Amy Molloy, agus Siobhan Maguire. Rinne an fhoireann imscrúdú ar réimse leathan gearán idir chalaois mhí na meala agus fhadhbanna le dearbháin aerlíne, agus phainéil ghréine agus charranna athláimhe.

Mheall an tsraith os cionn 2.7 milliún amharc, le meán de 343,750 amharc in aghaidh an eipeasóid.


## Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aisghairmeacha táirgí contúirteacha

**Fógraí faoi Tháirgí Contúirteacha**
D'eisigh an CCPC 145 foláireamh sábháilteachta táirgí chuig tomhaltóirí Éireannacha inar tugadh eolas dóibh faoi rioscaí a bhain le táirgí contúirteacha. Bhí siad sin mar thoradh ar 129 imscrúdú ar fhógraí faoi tháirgí contúirteacha ó Éirinn agus ó gach cearn den Eoraip. Mar thoradh air seo, i dteannta lenár gcuid oibre réamhghníomhaí féin ar fhaireachas margaidh, tugadh fógra do thomhaltóirí Éireannacha faoi 176,506 táirge contúirteach.

**Limerick Leader**

**ALERT: People warned not to use phone chargers that 'should not be sold' in Ireland**

The CCPC are urging people to only buy electrical chargers that are safe



Fionse: Limerick Leader, 5 Eanáir 2024

## Tacú le hathchóiriú Chúirt na nÉileamh Beag

Mar chuid de fheachtas meán chun an tuarascáil bhliantúil maidir le teagmhálacha a phoibliú, rinne an CCPC athnuachan ar a ghairm maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar Chúirt na nÉileamh Beag. Fuarthas clúdach i dtrí nuachtán náisiúnta, agus chuir iriseoirí i dtábhacht gur atreoraigh an CCPC 8,731 tomhaltóir chuig Cúirt na nÉileamh Beag, lena n-áirítear níos mó ná 1,000 duine a raibh fadhbanna acu le fearais tí.

## Oideachas Airgeadais

**Le taighde an CCPC cuireadh bonn eolais faoi Straitéis Litearthachta Airgeadais**
Ba bhliain thábhachtach í 2024 maidir le forbairt chéad Straitéis Náisiúnta Litearthachta Airgeadais na hÉireann, agus bhí áthas ar an CCPC a ról a ghlacadh. Choimisiúnaigh an CCPC Indecon chun taighde a dhéanamh ar litearthacht airgeadais in Éirinn. Léiríodh sa tuarascáil ina dhiaidh sin go mbíonn tionchar suntasach ag oideachas, fostaíocht agus inscne ar litearthacht agus folláine airgeadais. Thóg sé sin ar staidéar roimhe seo ó 2023 inar léiríodh go dtuairiscíonn duine as gach seachtar in Éirinn go bhfuil siad i bhfiacha an iomarca agus go ndeir duine as gach triúr go bhfuil "go leor acu le maireachtáil díreach". Sa dá shraith taighde, cuireadh fianaise láidir ar fáil chun tacú le forbairt na straitéise.

Chomhoibrigh an CCPC leis an Roinn Airgeadais freisin chun an Straitéis a fhorbairt agus a sheoladh, trí mhaoiniú seirbhísí comhairliúcháin ó líonra idirnáisiúnta ECFE um oideachas airgeadais chun doiciméid na straitéise a threorú. Lena chois sin, chuaigh foireann speisialaithe ón CCPC i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais chun suíomh gréasáin na Straitéise Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais a chruthú.

**RTÉ**

# Women and unemployed have lower financial literacy levels, report shows

The report states that higher financial literacy is strongly linked with increased financial wellbeing across all demographic groups.



**Fionse: RTÉ, 13 Samhain 2024**


**Seachtain Dhomhanda Airgid**

Is é an CCPC comhordaitheoir náisiúnta na Seachtaine Domhanda Airgid, feachtas domhanda chun feasacht a mhúscailt, arna eagrú ag ECFE ar an tábhacht a bhaineann le go mbeidh daoine óga feasach ó thaobh airgid de a chinntiú. In 2024, sheol an Coimisinéir Mairéad McGuinness an tSeachtain Dhomhanda Airgid go hoifigiúil i dteachtaireacht físe inar cuireadh litearthacht airgeadais agus oideachas chun cinn do dhaoine óga agus do leanaí san Aontas Eorpach. Bhí sraith imeachtaí ar líne agus duine le duine ó aon eagraíocht déag rannpháirteacha in Éirinn ar siúl i meánscoileanna ar fud na tíre agus i measc na rannpháirtithe bhí an Banc Ceannais, an Roinn Airgeadais, Institiúid na Baincéireachta, MABS, agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Mar chuid den tSeachtain Dhomhanda Airgid, thacaigh an CCPC le seoladh tuarascála nua ón tSeirbhís Chomhairle agus Buiséadaithe Airgid (MABS) ar dhearcaí agus iompraíochtaí airgid daoine óga atá ina gcónaí in Éirinn. Bhí an tuarascáil, a sheol an tAire Airgeadais, Michael McGrath TD, bunaithe ar shuirbhé ar 1,850 dalta meánscoile, idir 15 agus 17 mbliana d'aois den chuid is mó.



**Ár nAirgead, Ár dTodhchaí**
I Meán Fómhair 2024, sheol an CCPC Ár nAirgead, Ár dTodhchaí, treoirchlár urraíochta do scoileanna iarbhunscoile agus d'Ionaid Ógtheagmhála. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile iarratas a dhéanamh ar urraíocht suas le €1,000 chun tacú le foghlaimeoirí agus iad ag forbairt agus ag glacadh páirt i dtionscnaimh nuálacha maidir le litearthacht airgeadais ina scoileanna agus ina n-ionaid. Tá sé sin ina chuid dár n-obair leanúnach chun iompraíocht fhreagrach airgeadais agus tuiscint a chur chun cinn ó aois óg, rud a chumhachtaíodh tomhaltóirí chun roghanna maithe a dhéanamh. Déanfar ceiliúradh ar thionscnaimh a mhaoinítear faoin tionscadal le linn na Seachtaine Domhanda Airgid i mí an Mhárta 2025.




**Ciste Comhoibrithe agus Nuálaíochta**
I mí na Samhna, d'fhógair an CCPC go dtabharfadh sé €250,000 i gcomhair tionscadail litearthachta airgeadais do dhaoine fásta in 2025. Tacóidh na tionscadail le daoine fásta leis na scileanna riachtanacha chun litearthacht airgeadais a fhorbairt agus rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais. Bhí maoiniú an CCPC san áireamh i gCiste Comhoibrithe agus Nuálaíochta dar luach €1 mhilliún, arna sholáthar ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Scileanna Airgid ar feadh an tSaoil**
Le clár Scileanna Airgid don Saol (MSFL) an CCPC, a soláthraíodh san ionad oibre agus do ghrúpaí pobail, soláthraítear faisnéis neamhchlaonta, neamhspleách ar réimse ábhair airgeadais. Cuireann Comhairleoirí Airgeadais Cáilithe deonacha cainteanna saincheaptha Msfl i láthair agus díríonn siad ar réimse topaicí airgeadais phearsanta. In 2024, d'fhreastail 1,436 duine ar chainteanna Msfl.

Aiseolas ó dhaoine a bhí i láthair: *"I ndiaidh na cainte, tá scarbhileog tosaithe agam cheana chun mo chuid airgid amach mhíosúil a thaifeadadh." Shocraigh mé dochar díreach chun tosú ag sábháil airgid, agus coinneoidh mé súil ar mo chaiteachas.*

*"Coinneoidh mé súil ghéar ar théarmaí agus coinníollacha mo mhorgáiste agus mo phinsin."*

Aiseolas ó fhostóirí: *"Bhí an cheardlann faisnéiseach, suimiúil, agus inrochtana do gach fostaí. Bhí an láithreoir thar a bheith cabhrach, suimiúil agus faisnéiseach, beag beann ar na ceisteanna a cuireadh. Ba sheisiún iontach é!"*




**Money Matters**
Is é Money Matters cúrsa airgeadais phearsanta CCPC do mhic léinn dara leibhéal. Tá na hacmhainní ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGaeilge araon agus forbraíodh iad i gcomhar le OIDE lena n-ailíniú le curaclaim Staidéar Gnó agus Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí. Bhí 54,561 amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin Money Matters in 2024.

**Junior Achievement Ireland**
Bhí áthas ar fhoireann Oideachais Airgeadais CCPC tacú le Junior Achievement Ireland (JAI) chun Páirc Airgeadais JA a chur ar fáil, clár airgeadais phearsanta idirghníomhach a dhírítear go príomha ar dhaltaí na Sraithe Sóisearaí. Cuidíonn Páirc Airgeadais JA le bonn a chruthú chun cinntí eolasacha faoi airgeadas pearsanta a dhéanamh ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hioncam, caiteachas, sábháil airgid agus creidmheas. Le linn na scoilbhliana 2023/2024, ghlac 733 dalta ó 21 scoil ar fud na tíre páirt sa chlár.



# Sprioc Straitéiseach 3

# Abhcóideacht agus Taighde

UAILLMHIAN: Go n-oibreoidh margaí ar bhealach níos fearr do thomhaltóirí trína ionadaíocht a dhéanamh dá leasanna ar bhonn náisiúnta agus hidirnáisiúnta

BEARTA:

- Líon an staidéir margaidh agus na dtionscadal taighde atá críochnaithe
- Aitheantas poiblí méadaithe ar an CCPC mar ghuth údarásach do leas tomhaltóirí
- Rinneadh beart de réir moltaí ó abhcóideacht, aighneachtaí beartais, staidéar margaidh agus tionscadail taighde
- Anailís ghníomhach ar shonraí tairisceana poiblí chun camastaíl imthairisceana a bhrath

## Comhairle a chur ar lucht déanta beartas agus ar rialtóirí maidir le hathrú reachtaíochta agus moltaí beartais a dhéanamh

**An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC)**
D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC), ar bhfuil Cathaoirleach an CCPC, Brian McHugh, ina bhail di, a tuarascáil bhliantúil 'Dúshlán Iomaíochais na hÉireann' i mí Iúil 2024. I dtuarascáil 2024, rinneadh roinnt moltaí don Rialtas a bhfuil sé mar aidhm leo iomaíochas agus feidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann a fheabhsú.

Cuimsíodh roinnt de na moltaí ón CCPC sa tuarascáil deiridh, lena n-áirítear: gairm tíolacóra a thabhairt isteach; go léireofaí sa tuarascáil moltaí atá i dtuarascáil an ECFE, Cleachtais Rialála Níos Fearr san Aontas Eorpach 2022, agus; aitheantas a thabhairt don ghá go mbeidh an earnáil phríobháideach agus phoiblí in Éirinn ábalta fostaithe a bhfuil scileanna digiteacha acu a mhealladh/a fháil, a choinneáil agus a fhorbairt.

**Straitéis Náisiúnta Íocaíochtaí agus an Cód um Chosaint Tomhaltóirí**
Bhí an CCPC i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais roimh fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Íocaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus chuireamar fáilte roimh chuimsiú roinnt dár mbeart molta. Áiríodh leo sin: bacainní ar ghlacadh iomlán na baincéireachta oscailte a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme íocaíochtaí meandracha, agus méadú a dhéanamh ar iarrachtaí chun feasacht níos fearr a chothú i measc thomhaltóirí na hÉireann maidir le calaois agus cosc calaoise. D'iarramar freisin bearta a chuideoidh le tuilleadh iomaíochta a chur chun cinn san earnáil íocaíochtaí, íocaíochtaí meandracha a éascú agus rochtain tomhaltóirí ar sheirbhísí baincéireachta oscailte a neartú. Tá cosaint níos fearr i gcoinne calaoise de dhíth ar thomhaltóirí freisin.

D'iarr an CCPC bearta fabhracha do thomhaltóirí i gCód athbhreithnithe um Chosaint Tomhaltóirí an Bhainc Cheannais (atá le foilsiú in 2025) freisin, ina dtabharfar chun suntais an tábhacht a bhaineann le tacú le tomhaltóirí lena litearthacht airgeadais a fheabhsú agus níos mó athraithe idir táirgí agus seirbhísí a éascú.

**Irish Mirror**

# Gardaí set to brief ministers and Taoiseach on online safety

Simon Harris is set to chair an Online Safety Summit in Government Buildings on Thursday



Fionse: Irish Mirror, 19 Meán Fómhair 2024

**Tacú le reachtaíocht a achtú chun go mbeifear ábalta camastaíl imthairisceana a bhrath i scagadh sonraí tairisceana poiblí**
Is éard atá i gceist le scagadh ná go ndéanann gníomhaireachtaí iomaíochta anailís réamhghníomhach ar shonraí tairisceana chun gnéithe nó patrúin a shainaithint lena bhféadfaí a léiriú go bhfuil camastaíl imthairisceana ar siúl agus a bhféadfadh imscrúduithe foirmiúla a bheith mar thoradh orthu. In 2024, thug an CCPC tús áite do thuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha sonraí soláthair phoiblí a choinníonn comhlachtaí poiblí in Éirinn atá úsáideach chun críocha scagtha, cá háit a gcoinnítear na sonraí sin, agus cé acu a bhfuil cearta rochtana ar na sonraí sin. Bhain sé sin le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha amhail an OGP.

Le rochtain ar shonraí soláthair phoiblí, bheadh an CCPC ábalta camastaíl imthairisceana a shainaithint agus dul sa tóir uirthi tuilleadh i gcás inar tharla sí agus bheadh sé sin ina dhíspreagadh dóibh siúd atá ag smaoineamh ar iompraíocht dhíobhálach den sórt sin a dhéanamh. Is tionscadal tosaíochta é sin don CCPC agus lenár n-acmhainní agus scileanna teicneolaíochta fóiréinseacha, táimid muiníneach go mbeimid réidh le scagadh a thosú a luaithe a bheidh na sonraí ar fáil.

**Grúpa Saineolaithe an Rialtais um Thithíocht do Chách maidir le Tíolacadh agus Probháid**
Bhunaigh an Rialtas an Grúpa Saineolaithe um Thithíocht do Chách maidir le Tíolacadh agus Probháid i mí Eanáir 2024. D'iarramar ar an nGrúpa Saineolaithe treoir níos fearr do thomhaltóirí agus athchóirithe a bhfuil géarghá leo agus atá i bhfad thar am a mholadh chun an próiseas ceannaigh agus díola tithe a dhéanamh níos gasta agus níos éasca, amhail dul chun cinn i ríomhthíolacadh. D'iarramar freisin go leagfaí amach amchlár chun gairm tíolacóra a chruthú, trédhearcacht praghsanna i dtíolacadh, agus thugamar smaointe chun próisis probháide digití a dhéanamh níos so-úsáide. Thuairiscigh an Grúpa Saineolaithe i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tugadh cuireadh don CCPC páirt a ghlacadh sa ghrúpa cur chun feidhme lena mholtaí a chur i gcrích.

**An Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (RSGT)**
Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Sábháilteacht Táirgí i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2024. D'oibrigh an CCPC leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun an RSGT a chur chun feidhme agus chun cúnamh a thabhairt le dréachtú na n-ionstraimí reachtúla.

**Iompar**
D'fhreagair an CCPC do chomhairliúchán na Roinne Iompair maidir le Creat Beartais Náisiúnta do Bhonneagar Breoslaí Malartacha san Iompar, agus d'iarr sé rolladh amach iomaíoch bonneagair luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV), trédhearcacht praghsanna maidir le luchtú agus a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ar bhonneagar ag soláthraithe a éascaíonn rochtain éasca ar luchtú do chustaiméirí. Mhol an CCPC freisin go gcuirfí béim ar iomaíocht idir calafoirt sa Bheartas Náisiúnta Calafoirt atá le teacht. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Creat in 2025.

**Tuarascáil Suirbhé Eacnamaíoch ECFE ar gheilleagar na hÉireann**
D'oibrigh an CCPC le ECFE agus a dtuarascáil Suirbhé Eacnamaíoch is déanaí ar gheilleagar na hÉireann á hullmhú acu. Leagamar béim ar an ngá le bearta chun iomaíocht a fheabhsú san earnáil dlí, an gá le níos mó cumhachtaí a thabhairt don CCPC chun scagadh a dhéanamh ar chamastaíl imthairisceana i soláthar poiblí agus an gá le bearta chun an próiseas athraithe morgáiste a fheabhsú. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Suirbhé in 2025.

**Dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne Choimisiún na Meán**
Bhí ionchur ag an CCPC i gcomhairliúchán ar dhréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne Choimisiún na Meán, ag tacú le cuimsiú beart molta i ndáil le hábhar tráchtála ach d'iarr sé go mbeadh an Cód níos soiléire, go háirithe maidir le tionchairí na meán sóisialta. Bhíomar ábalta an Coimisiún a threorú chuig treoir chomhpháirteach arna heisiúint ag an CCPC agus ag Údarás na gCaighdeán Fógraíochta (ASA) do thionchairí maidir le lipéadú fógraí.

Bhí áthas orainn go raibh treoir bhreise do sholáthraithe seirbhíse sa Chód deiridh, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024, maidir le conas a chinntiú go ndéanfaí a n-úsáideoirí ábhar tráchtála a fhógairt.

**Réiteach Malartach Díospóidí**
Mar an t-údarás inniúil ainmnithe um Réiteach Malartach Díospóidí (ADR) in Éirinn, sholáthair an CCPC ionchur mionsonraithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh i dtogra CE maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir ADR, a bhfuil sé mar aidhm léi díospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe a réiteach lasmuigh den chúirt. Tá sé mar aidhm leis an athbhreithniú atá beartaithe an próiseas a shimpliú, ADR a dhéanamh níos oiriúnaí do mhargaí digiteacha agus úsáid ADR a éascú trasna teorainneacha Eorpacha. Chuir an CCPC fáilte roimh an leathnú atá beartaithe ar raon feidhme na Treorach, toisc go leathnófar leis rochtain tomhaltóirí ar réiteach díospóidí. Chuireamar fáilte freisin roimh bhearta a dhíríonn ar rochtain éasca ar nósanna imeachta ADR a chosaint do thomhaltóirí a bhféadfadh rochtain nó scileanna teoranta ar líne a bheith acu.

**Tomhaltóirí na hÉireann a chumhachtú don Aistriú Glas**
In 2024, bhí áthas ar an CCPC oibriú go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), agus rialtas na hÉireann ag ullmhú a ionchuir do dhréacht-Treoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an gCeart chun Deisiúcháin. Tá sé mar aidhm leis an Treoir maidir leis an gCeart chun Deisiúcháin tomhaltas níos inbhuanaithe a spreagadh, deisiúchán agus athúsáid earraí a mhéadú agus saolré táirgí tomhaltóirí a fhadú. Beidh feidhm aige ar fud na mBallstát uile ó mhí Iúil 2026.

In 2024, thug an CCPC sainchomhairle freisin maidir leis an tionchar ar thomhaltóirí agus Treoir an Aontais maidir leis an Aistriú Glas á trasuí i ndlí na hÉireann. Sa treoir maidir leis an Aistriú Glas, leagtar síos rialacha nua maidir le gnólachtaí a dhéanann maíomh comhshaoil agus cuirfear cosc ar lipéid inbhuanaitheachta neamhchreidiúnaithe. Beidh feidhm aige ar fud na mBallstát uile ó mhí Mheán Fómhair 2026.

**An Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe**
In 2024, sholáthair an CCPC ionchur do RFTF maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leasuithe atá beartaithe ar Threoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Taisteal Láneagraithe ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus faisnéise an CCPC. Leis na leasuithe atá beartaithe ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh, lorgaítear cearta níos láidre agus níos soiléire do thaistealaithe, lena gcumhdaítear saincheisteanna amhail éarlaisí, dearbháin agus aisíocaíochtaí i gcás cealaithe.

**Tosaíochtaí abhcóideachta an CCPC a chur i láthair ionadaithe polaitiúla**
Bhuail an CCPC le hionadaithe polaitiúla ó gach cearn den speictream polaitiúil in 2024 chun ár dtosaíochtaí abhcóideachta a leagan amach. Áiríodh leo sin: cumhachtaí breise fíneála a lorg i gcás sáruithe ar an dlí um thomhaltóirí, rochtain ar shonraí soláthair phoiblí chun camastaíl imthairisceana a bhrath ar bhealach níos fearr, athchóiriú ar an Nós Imeachta um Éilimh Bheaga, agus rochtain dhíreach do thomhaltóirí ar shonraí stair carranna.

Léiríodh ár dtosaíochtaí i roinnt forógraí ar fud an speictrim pholaitiúil roimh an Olltoghchán in 2024 agus ina dhiaidh sin i gClár an Rialtais. Táimid ag tnúth le tuilleadh rannpháirtíochta le lucht déanta beartas le linn théarma na Dála.

## Guth láidir a chur ar fáil sa díospóireacht náisiúnta

**An Earnáil Dlí a athchóiriú chun go n-oibreoidh sí níos fearr do thomhaltóirí**
I mí Aibreáin 2024, mar fhreagra ar fhoilsiú thuarascáil an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar ghairm tíolacóra, a rabhthas ag súil leis le fada, d'iarr an cathaoirleach Brian McHugh ar an Rialtas luas agus uaillmhian an athchóirithe dlí a mhéadú, ag iarraidh go sonrach go leagfaí amach amchlár don athchóiriú. Tugadh thuairimí chun suntais go forleathan sna meáin náisiúnta agus foilsíodh iad i bpíosa tuairimíochta in Business Post. Sa phíosa sin, d'iarr Brian McHugh oibleagáid ar aturnaetha agus ar abhcóidí praghsanna ginearálta seirbhíse a fhoilsiú, méadú ar an teorainn airgeadais chun cás a thabhairt chuig Cúirt na nÉileamh Beag agus bailiú sonraí níos fearr chun tuilleadh réimsí athchóirithe a shainaithint agus chun cosaint a thabhairt ar iompar frithiomaíoch. D'iarr sé freisin go gcuirfí deireadh le monaplachtaí an Dlí-Chumainn agus Óstaí an Rí ar oideachas dlí chun éagsúlacht san earnáil a mhéadú.

Agus samhlacha nua gnó á n-iarraidh ag an CCPC le fada an lá chun iomaíocht i seirbhísí dlí a spreagadh, chuir sé fáilte roimh thabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí idir aturnaetha agus abhcóidí ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí i mí Mheán Fómhair 2024.




Fionse: Business Post, 11 Aibreán 2024

## Taighde

**Díobháil Tomhaltóirí**
I mí Feabhra 2024, d'fhoilsigh an CCPC tuarascáil dar teideal 'Understanding Consumer Detriment in Ireland', agus bhí bonn curtha faoi ag suirbhé ar 4,537 tomhaltóir Éireannach. Fuarthas i dtaighde go raibh fadhb ag 39% de thomhaltóirí na hÉireann a chosain airgead nó am orthu nó a chuir strus orthu, agus meastar gurbh ionann luach airgid iomlán na díobhála tomhaltóirí i ngeilleagar na hÉireann agus beagnach €1 bhilliún.

**Staid na hIomaíochta in Éirinn**
Chuir an CCPC tús leis an tionscadal Staid na hIomaíochta in Éirinn, staidéar cuimsitheach lena ndéanfar, den chéad uair, tagarmharcáil ar na leibhéil iomaíochta i roinnt earnálacha i ngeilleagar na hÉireann. I mí Aibreáin 2024, mar chuid de thionscnamh an tionscadail, eisíodh Cuireadh chun Ionchur a Thabhairt inar iarradh aiseolais maidir leis an gcur chuige agus an raon feidhme a bhí beartaithe. I measc na bhfreagróirí bhí acadóirí, eacnamaithe chomh maith le comhlachtaí rialála agus tionscail. Bhí na freagraí a fuarthas luachmhar maidir le cur chuige an tionscadail a chinneadh, agus cuirfear an chéad sraith torthaí ar fáil in 2025.

**Costais maidir leis an scoilbhliain nua**
I mí na Bealtaine 2024, rinne an CCPC suirbhé ar 1,202 tuismitheoir leanaí scoile in Éirinn maidir le costais na scoilbhliana nua. Tugadh chun suntais go forleathan sna meáin,

**RTÉ**

### Parents hit by extra costs see back-to-school bills mount - survey



Fionse: RTÉ, 3 Iúil 2024

RTÉ san áireamh, iarratais an CCPC go mbeadh scoileanna oscailte agus trédhearcach faoi ranníocaíochtaí deonacha. Leagadh béim sa taighde freisin ar an ngá le scrúdú breise a dhéanamh ar shaincheisteanna iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí sa réimse sin agus cuirfear na torthaí ar fáil in 2025.

**Tionscadail Léargais Tomhaltóirí/ Gnólachtaí**
Le linn 2024, rinne an CCPC réimse tionscadail taighde le samplaí ionadaíocha de thomhaltóirí agus/ nó gnólachtaí i margaí éagsúla. Bhí cumarsáid phoiblí mar thoradh orthu sin maidir le Pinsin, Sladmhargadh Aoine Mhór na Siopadóireachta agus gníomhaíochtaí siopadóireachta na Nollag. Thacaigh obair eile le himscrúduithe atá ar siúl agus cinntí maidir le cumasc atá á ndéanamh ag an CCPC. Trí ghuthanna tomhaltóirí, nó gnólachtaí, a chur i gcroílár na ngníomhaíochtaí sin, cinntítear go mbeidh ár ngníomhaíochtaí faoi stiúir na dtomhaltóirí agus go gcuirfear bonn eolais fúthu le leasanna is fearr na n-úsáideoirí deiridh sna margaí.

**Irish Examiner**

### Consumers lose interest in Black Friday sales, with only 36% planning to buy



Fionse: Irish Examiner, 22 Samhain 2024




# Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

**Imeacht cothrom lae 10 mbliana an CCPC**
I mí Dheireadh Fómhair 2024, cheiliúir an CCPC a chothrom lae 10 mbliana le himeacht do an baill foirne agus do pháirtithe leasmhara. Bhí Brian McHugh, Cathaoirleach an CCPC, i gceannas ar an ócáid agus bhí Emer Higgins TD, an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i láthair. Bhí dhá phlé phainéil i gceist leis an imeacht le hiar-chomhaltaí Karen O'Leary, Fergal O'Leary agus Stephen Calkins, ag machnamh ar na dúshláin a bhain leis an gCoimisiún a chruthú ó dhá eagraíocht réamhtheachtaithe; agus an dara painéal le hiarchathaoirleach an CCPC Isolde Goggins, leis an eacnamaí John Fingleton agus leis an acadóir dlí, an Dr Cliona Kelly, inar clúdaíodh na dúshláin atá roimh Éirinn agus a geilleagar, agus an tionchar féideartha ar thomhaltóirí.

**Thionóil an CCPC seimineár comhpháirteach le Olivier Guersent,** Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na **hIomaíochta (DG Comp)**
I mí na Nollag 2024, d'óstáil an CCPC imeacht ag an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA) inar labhair Olivier Guersent, Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, faoi thosaíochtaí Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le beartas iomaíochta. Bhí an méid a dúirt an tUasal Guersent thar a bheith ábhartha i bhfianaise na tuarascála a rinne iar-uachtarán BCE, Mario Draghi, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024, inar luadh go gcaithfidh beartas iomaíochta an Aontais oiriúnú lena chinntiú go ndíreofar níos mó ar nuálaíocht a chothú agus ar iomaíochas fadtéarmach AE a athbhunú.

Chuaigh cathaoirleach an CCPC, Brian McHugh, le painéal saineolaithe, faoi chathaoirleacht Dan O'Brien ón IIEA, chun iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí coincheapa i dtuarascáil Draghi a chuimsiú in aon treoirlínte ón gCoimisiún amach anseo agus an tionchar a bheidh aige sin ar chur chuige nua an Choimisiúin Eorpaigh i leith forfheidhmiú iomaíochta.





**Seimineár Richard Whish**
Bhí Seimineár bliantúil Richard Whish de chuid an CCPC ar Fhorbairtí i nDlí na hIomaíochta ar siúl ar an 29 Bealtaine 2024. Thug an tOllamh Richard Whish KC athbhreithniú mealltach ar an timpeallacht forfheidhmithe le bliain anuas, agus chlúdaigh sé cásanna móra arna dtionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag údaráis iomaíochta náisiúnta, chomh maith le breithiúnais shuntasacha ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa agus ó chúirteanna náisiúnta. Tá an seimineár fós ina acmhainn ríthábhachtach d'oifigigh iomaíochta ón CCPC agus ComReg, mar aon le páirtithe leasmhara a dá dtugtar cuireadh.

**Imeachtaí idir piaraí Líonra CPC**
I mí an Mhárta, d'óstáil an CCPC cruinniú idir piaraí de chuid Líonra CPC inar óstáladh comhghleacaithe ón gCipir, ón Iodáil, ón Ísiltír agus ón tSlóvaic chun dea-chleachtais agus taithí i bhforfheidhmiú na cosanta tomhaltóirí a phlé agus a fhoghlaim.

**Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus Forfheidhmiú (ICPEN)**
Bhí ról gníomhach ag an CCPC sa Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus Forfheidhmiú (ICPEN) in 2024, ag glacadh páirt i ngrúpaí oibre éagsúla (amhail na cinn ar Intleacht Shaorga, Éifeachtúlacht Gníomhaireachta, agus Maíomh Comhshaoil Míthreorach). Leis an obair sin, méadaítear ár dtuiscint ar chleachtais, modhanna agus saincheisteanna tábhachtacha oibre trasteorann, agus cuidíonn sí le dea-chleachtais a shainaithint ar féidir linn iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh den CCPC.

**Grúpa Oibre Eagraíochtaí Tomhaltóirí Thuaidh Theas**
D'fhreastail an CCPC ar dhá chruinniú de chuid Ghrúpa Oibre Eagraíochtaí Tomhaltóirí Thuaidh Theas in 2024. Tá an grúpa sin comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí tomhaltóirí ar oileán na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Éascaítear leis na cruinnithe sin cur chuige comhordaithe agus straitéiseach i leith saincheisteanna suntasacha tomhaltóirí trí chomhthuiscint a fhorbairt ar shaincheisteanna gaolmhara, comhoibriú agus foghlaim chomhroinnte. I measc na saincheisteanna a pléadh i mbliana bhí na dúshláin leanúnacha atá roimh thomhaltóirí i ndiaidh Brexit, leathadh leanúnach na margaíochta tionchairí agus saincheisteanna cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirgí agus daoine ag ceannach ar líne.

**Comhdháil Líonra Rialtóirí Eacnamaíocha**
D'óstáil an CCPC an chéad "Chomhdháil Eacnamaíochta" de chuid Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha (ERN) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tugadh go leor comhlachtaí rialála Éireannacha le chéile san imeacht chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a imríonn tionchar ar thomhaltóirí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne. Thug iar-Phríomh-Eacnamaí Iomaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, Tommaso Valletti, an t-eochairaitheasc. Clúdaíodh trí phríomhthéama sa chomhdháil: iomaíocht laistigh den earnáil leathanbhanda agus carrchlós, cosaint tomhaltóirí i dtionscail éagsúla agus ar ardáin ar líne, agus ról na rialála i dtreo aistriú glas inbhuanaithe.

Rinne an Fhoireann Foghlama agus Forbartha cathaoirleacht ar Chruinnithe Ráithiúla Foghlama agus Forbartha Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha freisin chun smaointe a roinnt agus caidreamh a chothú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile.

**An Fóram Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil**
Bhunaigh an CCPC an Fóram Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil in 2021, agus tugann sé le chéile gníomhaireachtaí stáit a bhfuil an t-údarás acu imscrúduithe coiriúla a dhéanamh. Cuireann an Fóram ar chumas imscrúdaitheoirí eolas a mhalartú, saincheisteanna reatha a phlé, taithí phearsanta a roinnt i gcás imscrúduithe coiriúla agus forfheidhmiúcháin, agus feidhmiú mar acmhainn le haghaidh réitigh chomhoibríocha. In 2024, tháinig an Fóram le chéile trí huaire, agus phléigh siad ábhair éagsúla, lena n-áirítear comhoibriú idirghníomhaireachtaí, ionchúisimh rialála agus cur éifeachtach agallamh in imscrúduithe rialála.

**Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht**
Tá an CCPC ag obair go dlúth leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, chun ullmhú don Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a bheidh i bhfeidhm ón 28 Meitheamh 2025.

**Comhchathaoirligh Ghrúpa Oibre um Chumaisc an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta do 2023/2024**
In 2024, bhí an CCPC ina chomhchathaoirleach ar Ghrúpa Oibre um Chumaisc an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta in éineacht le hÚdarás Iomaíochta na hUngáire. I mí an Mheithimh 2024, d'óstáil an CCPC Grúpa Oibre um Chumaisc an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail ionadaithe ó gach ceann de Bhallstáit AE, ó Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, agus ón gCoimisiún Eorpach ar an gcruinniú. Chuir Úna Butler, comhalta den Choimisiún, fáilte roimh na toscaireachtaí chuig an imeacht, áit a ndearnadh plé mionsonraithe ar thionscadail grúpaí oibre, ar shaincheisteanna beartais agus ar chásanna.

**Treoirlínte ECFE maidir leis an gCamastaíl Imthairisceana i Soláthar Poiblí a Chomhrac**
Ghlac baill foirne an CCPC páirt i ngrúpa oibre 'Comhoibriú agus Forfheidhmiú' Choiste Iomaíochta ECFE, ar dhréacht-Treoirlínte athbhreithnithe chun dul i ngleic le Camastaíl Imthairisceana i Soláthar Poiblí.

**Fóram um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú agus Comhairle Chomhairleach um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú**
I mí an Mhárta 2024, thug foireann an CCPC cur i láthair do bhallghníomhaireachtaí Fhóram na hÉireann um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú ar obair an CCPC maidir le dul i ngleic le cairtéil agus le camastaíl imthairisceana. I mí na Samhna 2024, ghlac baill foirne an CCPC páirt i gcomhairliúchán fhóram na bpáirtithe leasmhara maidir le forbairt straitéise ilbhliantúla chun coireacht eacnamaíoch agus éilliú a chomhrac.

# Óráidí

**Cumann Barra Mheiriceá (ABA)**
I mí Aibreáin 2024, chuir Ilene Gotts, dlíodóir frith-iontaobhais atá lonnaithe i Nua-Eabhrac, agallamh ar Úna Butler comhalta den Choimisiún, ag cruinniú earraigh bliantúil Rannóg Frith-iontaobhais Chumann Barra Mheiriceá. I measc na dtopaicí a clúdaíodh bhí córas nua breithiúnais iomaíochta an CCPC, tosaíochtaí forfheidhmithe, cumhachtaí glaonna isteach cumasc agus an ról an CCPC a bhfuil coinne leis faoin nGníomh um Margaí Digiteacha.

**Comhdháil Ardleibhéil an Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus Forfheidhmiú (ICPEN)**
Plé phainéil ar 'Phatrúin Dhorcha' agus a dtionchar ar thomhaltóirí ag Comhdháil Ardleibhéil an Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus Fhorfheidhmiú, Gdansk. D'fhreastail údaráis chosanta tomhaltóirí ar fud an domhain ar an imeacht sin agus i measc na dtopaicí a clúdaíodh bhí cearrbhachas ar líne, an t-aistriú glas, agus Réiteach Malartach Díospóide.

**Comhdháil Bhliantúil an Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta, an Bhrasaíl**
Bhí Brian McHugh ina chathaoirleach ar an bplé ag Cruinniú Iomlánach Ghrúpa Oibre Cairtéal an Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta (ICN) "Ré nua d'fhorfheidhmiú cairtéil". Rinne foireann CCPC modhnóireacht freisin ar sheisiún ar an measúnú ar Chásanna Frithfhíorasacha in athbhreithniú cumasc don ghrúpa oibre um Chumaisc.

**Cruinniú Ginearálta Stiúrthóirí an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta, Split, an Chróit**
I mí an Mheithimh, chuir Brian McHugh taithí an CCPC ar chásanna frithfhíorasacha neamhchaighdeánacha in athbhreithniú cumasc i láthair ag cruinniú Ard-Stiúrthóirí (ASanna) an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta (ECN) in Split, sa Chróit. Is imeacht débhliantúil é cruinniú na nArd-Stiúrthóirí de cheannairí údarás iomaíochta Eorpach chun plé tairbheach, malartuithe tuairimí agus forbairt seasamh agus beartas comhchoiteann a chothú.

**Coiste Iomaíochta ECFE**
I mí na Nollag, thug Úna Butler cur i láthair fada ar aighneacht na hÉireann chuig cruinniú babhta boird Choiste Iomaíochta ECFE ar an "Caighdeán agus Dualgas Cruthúnais i gCásanna Iomaíochta". Phléigh Úna na difríochtaí idir an caighdeán agus an dualgas cruthúnais a theastaíonn in imeachtaí coiriúla agus riaracháin chomh maith leis an gcaighdeán agus an dualgas cruthúnais ábhartha i gcás athbhreithniú cumaisc.

**Comhdháil Chliaint na hOifige um Sholáthar Rialtais**
I mí na Samhna 2024, thug Cathaoirleach CCPC, Brian McHugh, óráid do 1,100 duine a bhí i láthair (go pearsanta agus ar líne) ag Comhdháil Chliaint OGP i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

**Ghlac CCPC páirt i dTionscadal Sé Thír um Chamastaíl Imthairisceana in Ionstraim Tacaíochta Teicniúla OECD/AE**
Is é an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (TSI) clár an Aontais lena soláthraítear saineolas teicniúil saincheaptha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. I mí na Samhna 2024, rinne Éire, mar aon le cúig bhallstát eile, iarratas ar mhaoiniú TSI don tionscadal 'Brath a Neartú agus Camastaíl Imthairisceana a Thuairisciú sa tSeicia, sa Fhrainc, in Éirinn, sa Laitvia, sa Pholainn agus sa Phortaingéil". Táthar ag súil leis an gcinneadh in 2025, agus déanfaidh ECFE an oiliúint a stiúradh agus a chomhordú.





## Sprioc Straitéiseach 4

# Struchtúr agus Acmhainn

UAILLMHIAN: A chinntiú go dtiocfaidh ár n-eagraíocht chun cinn agus go bhfásfaidh sí leis an tírdhreach ina bhfeidhmíonn sí – agus go mbeidh na hacmhainní, an saineolas agus na cumais againn a theastaíonn chun ár sainchúram a chomhlíonadh.

BEARTA:

- Tá struchtúr eagraíochtúil nua i bhfeidhm
- Earcaíocht agus leibhéil folúntais
- Leibhéil coinneála foirne
- Forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne trí réimse leathan tairiscintí foghlama

### Ár bpleananna a fhorbairt, ár n-acmhainní a ailíniú

**Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil**
In 2024, chríochnaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC). Tacaíonn an próiseas sin le sainaithint saincheisteanna tábhachtacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh a shainordaithe ag an CCPC. Leagadh béim san athbhreithniú ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht sheachtrach atá ag athrú i gcónaí agus le leathnú dá bharr ar shainordú an CCPC, mar gheall ar reachtaíocht nua Eorpach den chuid is mó.

I measc fheidhmeanna leathnaithe an CCPC tá réimsí amhail cumhachtaí forfheidhmithe iomaíochta méadaithe, reachtaíocht nua um chosaint tomhaltóirí, freagrachtaí leathnaithe maidir le sábháilteacht táirgí, agus réimsí nua amhail rialáil dhigiteach agus sonraí. Fuarthas san athbhreithniú "go bhfuil solúbthacht agus inoiriúnaitheacht léirithe ag an CCPC maidir le freagairt d'athruithe sa timpeallacht sheachtrach ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2014". Fuarthas ann freisin "gur ghlac an CCPC agus go bhfuil sé ag glacadh bearta suntasacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí maidir le struchtúir bainistíochta ardleibhéil, earcaíocht agus coinneáil foirne, bainistíocht oibríochtúil, bainistíocht cásanna, bonneagar TF agus cóiríocht agus aghaidh a thabhairt ar na cúrsaí sin."

Fuarthas san athbhreithniú freisin "in ainneoin srianta acmhainne, go háirithe i dtaca le hearcú agus coinneáil foirne, gur léirigh an CCPC inoiriúnaitheacht maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin". Críochnaíodh an t-athbhreithniú le moltaí don CCPC tuairisciú don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) faoi thionscnaimh eagraíochtúla, lena n-áirítear earcú agus coinneáil foirne; croíghníomhaíochtaí i gcomparáid le gníomhaíochtaí nua agus sineirgí agus éifeachtúlachtaí gaolmhara; staidéar margaidh pleanáilte; roghanna maoinithe; socruithe bainistíochta. Moladh ann freisin go ndéanfadh an CCPC measúnuithe tréimhsiúla, neamhspleácha ar éifeachtacht torthaí a fheidhmeanna.

**Straitéis Daoine**
Forbraíodh an plean in 2023, agus d'fhonn ailíniú le straitéis na heagraíochta, chruthaigh an CCPC Straitéis Daoine trí bliana in 2024 lena raibh trí sprioc: go mbeadh an CCPC ina 'Rogha Fostóir'; acmhainn, saineolas, ceannaireacht agus cumais bhainistíochta na foirne a fhorbairt agus tógáil as; ionad oibre rannpháirteach cumhachtaithe a chruthú.

**Athbhreithniú Eagraíochtúil ar Struchtúr an Lucht Ardbhainistíochta**
Mar chuid de phróiseas pleanála straitéisí an lucht saothair, rinne comhaltaí an Choimisiúin athbhreithniú ar struchtúr lucht ardbainistíochta an CCPC, atá gan athrú ó seoladh an eagraíocht in 2014. Ó shin i leith, tá líon na bhfostaithe ceadaithe méadaithe ó 78 nuair a bunaíodh é in 2014 go 261 ag deireadh 2024 agus cuireadh cúig rannán nua leis chun ár sainordú atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh. San athbhreithniú, rinneadh an Coimisiún a thagarmharcáil i gcoinne agus eagraíochtaí eile den mhéid chéanna, breithníodh réimse roghanna agus moladh athruithe ar struchtúr an lucht ardbhainistíochta. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**Córas Faisnéise Acmhainní Daonna Nua (HRIS)**
In 2024, chuir an CCPC tús le tionscadal chun Córas Faisnéise Acmhainní Daonna (HRIS) comhtháite a fháil agus a chur chun feidhme. Is cuid é sin den tiomantas do chleachtais san ionad oibre a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lucht saothair atá ag athrú agus a chinntíonn go gcomhlíonfar na ceanglais rialachais uile. Déanfar próisis a chuíchóiriú leis, tacóidh sé leis an eagraíocht agus í ag méadú chun a sainchúram méadaithe a chomhlíonadh agus éascófar próiseáil rúnda sonraí. Beidh an córas nua ag feidhmiú go hiomlán faoi 2025.

**Earcaíocht**
D'earcaigh an CCPC 65 ball foirne in 2024 agus fuair sé cead le haghaidh 35 ról breise in 2024. Faoi dheireadh na bliana bhí 261 post ar an iomlán ceadaithe. Ba mhéadú 16% é sin ó 2023. Is é 10.77% ráta athraithe foirne an CCPC, i gcomparáid le meán náisiúnta de 11.5%, arna thuairisciú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

## Ár ndaoine a fhorbairt

**Bainistíocht Feidhmíochta**
Rinneadh an córas bainistíochta feidhmíochta agus forbartha (PMDS) a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2024. Ba chéim eile é sin i dtreo ár ndaoine a chumasú lena gcumas a fhorbairt agus a spriocanna gairme a bhaint amach laistigh den CCPC

**Forbairt Ghairmiúil**
Choinnigh an CCPC a thiomantas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuid daoine in 2024. Áiríodh leis sin oiliúint speisialaithe d'Oifigigh Údaraithe, oiliúint ar imscrúduithe eacnamaíochta agus idirlín, agus oideachas urraithe arna sholáthar ag comhlachtaí dlí agus airgeadais creidiúnaithe.

D'óstáil an CCPC seisiúin oiliúna le saineolaithe acadúla agus tionscail freisin a roinn a gcuid eolais ar dhlí na hiomaíochta agus an dlí um thomhaltóirí.

## Ár straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i gcrích

**Aonad Nua um Réitigh Dhigiteacha**
Tá aonad nua um réitigh dhigiteacha bunaithe ag an CCPC atá freagrach as cláir athraithe TFC a threorú agus as soláthar éifeachtach réiteach agus feidhmchlár digiteacha nua-aimseartha a chinntiú chun tacú le baill foirne agus le páirtithe leasmhara eagraíochtúla. Tá an t-aonad ag féachaint le seirbhísí a fheabhsú i gcomhréir lenár straitéis TFC, agus treochtaí agus dúshláin dhigiteacha á sainaithint.

**Ag Aistriú go dtí an Néal**
Críochnaíodh tionscadal mór in 2024 nuair a aistríodh córas bainistíochta doiciméad an CCPC chuig an réiteach néalbhunaithe, SharePoint. Leis an aistriú sin, soláthraítear uirlisí cumarsáide agus comhoibrithe feabhsaithe do na baill foirne in aon ardán amháin atá inrochtana go héasca agus go slán.

## Dea-chleachtas san ionad oibre

**Clár Oibre Glas**
Mar gheall ar an am a bheidh sonraí deiridh ar fáil ar an gcóras M&R agus dáta foilsithe Thuarascáil Bhliantúil an CCPC, ní féidir ach sonraí sealadacha a thuairisciú don bhliain atá i gceist. In 2023, thuairiscigh an CCPC go raibh súil ag an CCPC go mbeadh laghdú 48.4% tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón mbonnlíne. Léirítear leis na sonraí deiridh go raibh laghdú níos mó fós ag an CCPC, 53.6%. Maidir le coigilteas fuinnimh, tháinig feabhas 85.3% ar an bhfeidhmíocht fuinnimh ón mbonnlíne agus ní 86.5% mar a tuairiscíodh inár dTuarascáil Bhliantúil 2023.

Léirítear le sonraí sealadacha SEAI 2024 gur bhaineamar 87% amach i gcoigilteas fuinnimh ón mbliain bhonnlíne (2009). Léirítear leo freisin má choinnítear feidhmíocht fuinnimh ag an leibhéal seo go dtí 2030, go mbainfear an sprioc éifeachtúlachta amach. Léirítear le sonraí sealadacha SEAI freisin gur tháinig laghdú 56.2% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid leis na hastaíochtaí bonnlíne.

In 2024, d'fhoilsigh an CCPC a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ar a shuíomh gréasáin. Sonraítear sa Treochlár sin conas a chuirfidh an CCPC an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP24) i bhfeidhm agus conas a bhainfidh sé amach a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí. Cuireadh tús freisin le hoiliúint ar Cheannaireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide don lucht ardbhainistíochta laistigh den eagraíocht agus chríochnaigh 56.25% den fhoireann bhainistíochta an cúrsa in 2024. Chuireamar faisnéis ar fáil freisin maidir le cur chun feidhme an tSainordaithe trí Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI.

D'íoc an CCPC €1,768.09 isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i leith na n-astaíochtaí taistil a tabhaíodh le linn 2024.

**Gníomhaíocht Inbhuanaitheachta**
Bhain an CCPC Gradam Cré-umha do Thaisteal Níos Cliste amach as tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun feidhme in 2024. Chun cuidiú lenár dtimpeallacht a chosaint, tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus an bruscar a tháirgimid a laghdú, chuireamar na hacmhainní ar fáil don fhoireann chun fáil réidh le buidéil agus cannaí trí úsáid a bhaint as an scéim Re-Turn. Tá an t-airgead á dháileadh ar charthanais a roghnaíonn na baill foirne.

**Folláine**
D'eagraigh an Coiste Folláine 27 imeacht chun tacú le folláine mheabhrach agus choirp ár mball foirne, méadú beagnach 100% ar 2023. I measc na n-imeachtaí le linn na bliana bhí: cainteanna faoin bhfolláine, tráth na gceist foirne, tiomsaitheoirí airgid do charthanais agus deiseanna d'obair dheonach. Chomh maith leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe, tairgeadh clár nua folláine dhigitigh do bhaill foirne chun cuidiú lena meabhairshláinte, a sláinte choirp agus a bhfóntacht airgeadais.

## Dea-chleachtas rialachais

**An Coimisiún**
Tá an CCPC á rialú ag Coimisiún a raibh Cathaoirleach agus triúr Comhaltaí lánaimseartha ann in 2024. Tá an Cathaoirleach freagrach as an eagraíocht a reáchtáil agus as rialachas corparáideach. Faigheann an Cathaoirleach cúnamh le ceannaireacht agus bainistíocht an CCPC ó na Comhaltaí agus ó fheidhmeannaigh shinsearacha eile. Ceapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh comórtas oscailte de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana.

| Comhalta Boird | Ról | Dáta a Ceapadh | Líon na gCruinnithe |
|---|---|---|---|
| **Brian McHugh** | **Cathaoirleach** | **2 Lúnasa 2023** | **29/31** |
| **Patrick Kenny** | **Comhalta** | **10 Eanáir 2022 (dáta athnuaite)** | **30/31** |
| **Úna Butler** | **Comhalta** | **10 Eanáir 2022** | **29/31** |
| **Kevin O'Brien** | **Comhalta** | **22 Lúnasa 2022** | **28/31** |

Tugtar sonraí sa tábla thuas maidir leis an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí agus sceideal freastail ag cruinnithe an Choimisiúin

Tagann an Coimisiún le chéile dhá uair sa mhí ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an CCPC, treoir agus treo straitéiseach a sholáthar i réimsí ar leith agus cinntí foirmiúla a dhéanamh.

Áirítear ar na hábhar a choimeádtar lena gcinneadh ag an gCoimisiún:

- Buiséid bhliantúla, pleananna corparáideacha, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise a fhaomhadh
- Beartais lena gclúdaítear airgeadas, soláthar, riosca, acmhainní daonna, cóid iompair agus coinbhleachtaí leasa
- Mórchonarthaí, infheistíochtaí, tionscadail chaipitil agus airgead a fháil ar iasacht a fhaomhadh
- Ceapachán foirne, a dtéarmaí agus coinníollacha seirbhíse, agus luach saothair a fhaomhadh
- A chinneadh an féidir nó nach féidir cumasc a chur i bhfeidhm
- Imeachtaí sibhialta a thionscnamh maidir le sárú ar Ailt 4 nó 5 den Acht Iomaíochta 2002 nó ar Airteagail 101 nó 102 de Chonradh Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
- Ionchúiseamh a thionscnamh i leith ciona mar atá leagtha amach san Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007
- Comhad a tharchur chuig oifig an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí (OIP) i gcás cionta cairtéil líomhnaithe
- Moladh a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí díolúine choinníollach a dheonú nó a chúlghairm as rannpháirtíocht i gcairtéal

Déantar cúrsaí eagraíochtúla laethúla a bhainistiú trí chruinnithe neamhfhoirmiúla, plé agus comhairliúchán idir an Cathaoirleach agus na Comhaltaí. A mhéid is indéanta, déantar cinnteoireacht oibríochtúil a tharmligean chuig Comhaltaí aonair, Stiúrthóirí agus baill foirne eile.

**Bainistíocht riosca**
Tá an fhreagracht fhoriomlán ag an gCoimisiún as bainistíocht riosca, lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a nglacfaidh an CCPC leo a chinneadh ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil. Is éard atá i gceist le bainistíocht riosca laistigh den CCPC meascán díobh seo a leanas:

- Athbhreithnithe ráithiúla ar Chláir Riosca Roinne agus ar an gClár Riosca Corparáideach
- Tuairisciú ar theagmhais riosca agus ar theagmhais bheaga ó Stiúrthóirí, lena n-áirítear bearta maolaitheacha
- Meastóireachtaí rialta ag an iniúchóireacht inmheánach
- Tuairisciú do chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na príomhrioscaí atá roimh an CCPC agus conas a dhéantar iad a bhainistiú go gníomhach
- Cruinnithe dúshlán riosca leis na Stiúrthóirí
- Athbhreithnithe ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) leis an gCoimisiún maidir lena fhreagrachtaí as riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Leagtar amach i gCairt agus i dTéarmaí Tagartha CIR a róil agus a fhreagrachtaí. Tá clár oibre CIR treoraithe leis na hoibleagáidí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (Cód 2016). Tuairiscíonn an CIR don Choimisiún i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain. Ba iad baill CIR le linn 2024 Martin Higgins (Cathaoirleach seachtrach), Carmel Foley (seachtrach), Eilis Quinlan (seachtrach), agus Úna Butler (inmheánach). Tháinig CIR le chéile ceithre huaire in 2024, mar atá mionsonraithe sa tábla thíos:

| Comhalta Coiste | Feabhra | Bealtaine | Deireadh Fómhair | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Martin Higgins | x | x | x | x | 4/4 |
| Carmel Foley | x | x | x | x | 4/4 |
| Eilis Quinlan | n/b | n/b | x | x | 2/4 |
| Úna Butler | x | x | x | x | 4/4 |

## Comhlíontacht Comhlachta Phoiblí

**Cosaint Sonraí**
Tá sraith beartais inmheánacha ag an CCPC lena chinntiú go leanfaimid orainn ag comhlíonadh an Achta um Chosaint Sonraí 2018 agus an Rialachán Ginearálta AE maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá fógraí príobháideachais mionsonraithe ar ár suíomh gréasáin ionas go mbeidh tuiscint ag na ndaoine a bhíonn i dteagmháil linn ar an dóigh a láimhseálaimid aon sonraí pearsanta a phróiseálaimid agus go mbeidh tuiscint acu ar conas is féidir leo a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú.

**Eitic**
Tá bearta i bhfeidhm ag an CCPC lena chinntiú go gcomhlíonfaidh baill foirne an CCPC, a bhfuil poist ainmnithe acu, forálacha an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001. In 2024, chuir baill foirne an CCPC a raibh poist ainmnithe acu Ráitis Leasa isteach mar a cheanglaítear le reachtaíocht eitice. Chomh maith leis sin, leagtar amach i gCód Iompair an CCPC na prionsabail, na caighdeáin agus na luachanna a bhfuiltear ag súil go gcloífidh gach ball foirne de chuid an CCPC leo.

**Saoráil Faisnéise**
In 2024, fuair an CCPC 27 iarratas um Shaoráil Faisnéise (SF). Astu sin, deonaíodh dhá cheann, deonaíodh 16 cinn go páirteach, diúltaíodh seacht gcinn agus aistarraingíodh/déileáladh le dhá cheann eile lasmuigh den reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

**Airgeadas**
Tá bearta i bhfeidhm ag an CCPC lena gceadaítear do bhaill den phobal glacadh le hairgead tirim mar rogha íocaíochta.

**Cód Caiteachais Phoiblí**
Cloígh an CCPC le gach ceann de cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Tá sásraí láidre bainistíochta airgeadais, monatóireachta agus rialaithe curtha i bhfeidhm ag an CCPC, a bhfuil Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí arna leagan amach ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe mar bhonn fúthu. Tá an CCPC sásta gur chloígh sé le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí agus gur bhain sé an luach is fearr is féidir ar airgead amach ar bhonn seasmhach.

**Seirbhís do Chustaiméirí**
Tá Cairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí ag an CCPC a chlúdaíonn an tréimhse 2024 go 2026. Leagtar amach sa Chairt Custaiméirí an leibhéal a dtacaítear leis an gCairt faoin bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí, ina soláthraítear gníomhaíochtaí mionsonraithe maidir le conas a chomhlíonfar na gealltanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt. Tá táscairí feidhmíochta gaolmhara ag baint leis na gníomhaíochtaí sin, ar fheidhmigh an CCPC go héifeachtach ina gcoinne in 2024. Go sonrach, in 2024:

• Chuireamar sraith tionscadail inrochtaineachta i gcrích ar an suíomh gréasáin reatha agus tá ár scór inrochtaineachta leis an Údarás Náisiúnta Míchumais méadaithe go 97% dá bharr

• Freagraíodh 87.7% de na glaonna laistigh de 20 soicind

• Freagraíodh 99% de theagmhálacha ríomhphoist agus foirmeacha gréasáin laistigh de 15 lá oibre

• Fuarthas gearán amháin faoi sheirbhís do chustaiméirí agus réitíodh é laistigh d'aon lá oibre amháin

• I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, oibríonn an CCPC le Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann (IRIS) chun faisnéis a sholáthar do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

**Acht na dTeangacha Oifigiúla (agus reachtaíocht ghaolmhar)**
Gabhann an CCPC air féin a chuid oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (agus reachtaíocht ghaolmhar) a chomhlíonadh. Ceapadh ball den Fhoireann Ardbhainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú a thabhairt ar oibleagáidí an CCPC faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (agus reachtaíocht ghaolmhar).

Rinne an CCPC na gníomhaíochta seo a leanas le linn 2024 chun comhlíonadh an Achta a chinntiú:

- Oiliúint foirne – ghlac beirt bhall foirne páirt i gcúrsa Teastais sa Gaeilge Ghairmiúil.
- Freagairt a thabhairt i nGaeilge – fuair an CCPC sé theagmháil i nGaeilge; dhá ríomhphost, trí ghlao gutháin agus ceann amháin ar na meáin shóisialta. Freagraíodh gach iarratas i scríbhinn i nGaeilge agus tairgeadh glao ar ais le cainteoir Gaeilge do gach glaoiteoir.

Fuair an CCPC iarratas go soláthrófaí suirbhé taighde margaidh foilsithe i nGaeilge, agus rinneadh é sin.

In 2024, chuir an CCPC a chéad tuarascáil isteach faoi alt 10A (Fógraíocht a Dhéanann Comhlachtaí Poiblí). Leis na forálacha nua in alt 10A ní mór 20% d'aon fhógraíocht a chuireann comhlachtaí poiblí suas in aon bhliain ar leith a bheith i nGaeilge, agus caithfear 5% de bhuiséad fógraíochta bliantúil gach comhlachta phoiblí ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin chumarsáide Gaeilge.

I mí an Mhárta 2024, thuairiscigh an CCPC:

- Bhí 2.84% d'aon fhógraíocht a cuireadh suas in 2023 i nGaeilge

- Caitheadh 1.37% de bhuiséad ceannaigh meán 2023 ar fhógraíocht i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge

Féachadh i straitéis chumarsáide an CCPC don bhliain tuairiscithe seo le luach ar airgead a mhéadú trí úsáid a bhaint as comhthaobhacht cumarsáide réamh-mheasta, a raibh cuid mhaith de forbartha cheana féin sa Bhéarla agus nach raibh éasca le haistriúchán go díreach laistigh de na hábhair atá ann cheana féin.

I gcás inar bhain ár ngníomhaíocht feachtasaíochta le sócmhainní nua a chruthú, chomhlíon an CCPC ceanglais Alt 10A go gníomhach agus rinne sé iarracht d'aon ghnó dul tharstu. Mar shampla, i bhfeachtas amháin bhí 39% de na fógraí raidió i nGaeilge agus caitheadh 8.1% ar raidió trí mheán na Gaeilge.

Mar sin féin, bhí láithrithe aonuaire sna meáin i gceist le cuid dár bhfeachtais seachas gníomhaíocht feachtasaíochta arís agus arís eile, rud a laghdaigh ár gcumas na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Athdhearbhaímid ár dtiomantas dár n-oibleagáidí maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh agus táimid ag féachaint go gníomhach le réitigh ar chuid de na dúshláin a bhí romhainn maidir leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Foilsíonn an CCPC a Thuarascáil Bhliantúil i nGaeilge gach bliain freisin.

**Íocaíochtaí Prasa**
Comhlíonann an CCPC an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. In 2024, rinneadh 78% dár n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá agus rinneadh 19% eile laistigh de 30 lá. B'ionann íocaíochtaí a rinneadh lasmuigh de 30 lá agus 3% d'íocaíochtaí iomlána an CCPC. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh thar 30 lá faoi fhiosrú den chuid ba mhó, seachas ceann amháin inar íocadh ús agus cúiteamh de €2,219. Tá Tuairisceáin Íocaíochtaí Prasa an CCPC foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

**Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta (OPDA)**
Tá Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta (OPDA) i scríbhinn i bhfeidhm idir an CCPC agus ár máthair-Roinn, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), ina sainítear téarmaí ár gcaidrimh go soiléir. In 2024, tionóladh ceithre chruinniú foirmiúla OPDA idir oifigigh an CCPC agus RFTF.

**Nochtaí Cosanta**
Ceanglaítear ar an CCPC faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar líon na nochtaí cosanta a fuaireamar an bhliain roimhe sin agus an beart a ndearnamar ina leith. Tá Tuarascáil Bhliantúil um Nochtaí Cosanta 2024 foilsithe ar shuíomh gréasáin an CCPC.



## Airgeadas

**Ráitis Airgeadais 2024**
Ba é €25,701,000 leithdháileadh buiséid an CCPC mar a leagadh amach in REV foilsithe in 2024, i gcás inarb ionann €24,415,000 agus maoiniú ón Státchiste agus €1,286,000 agus réamh-mhaoiniú ar chion de thobhach tionscail seirbhísí airgeadais, i ndáil le feidhmeanna sonracha faisnéise agus oideachais airgeadais phearsanta san earnáil airgeadais. Nuair a scríobhadh é seo, tuairiscíodh sna dréacht-ráitis airgeadais bhliantúla caiteachas €25,091,545 i gcás gníomhaíochtaí atá maoinithe ón Státchiste agus €4,405,425 i gcás gníomhaíochtaí atá maoinithe ó thobhaigh. Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais an CCPC. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrú cuntasaíochta, cé is moite de mhaoiniú ón Státchiste, a ullmhaítear de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.


**Tobhach ar Sholáthraithe Seirbhísí Airgeadais**
Bailíodh os cionn 99.8% d'iomlán mhéid na dtobhach in 2024 a gearradh ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais go rathúil ó 383 cuideachta.

**Luach Saothair**
Tá an Cathaoirleach ina bhall de scéim earnála poiblí sochair sainithe neamhchistithe, agus tá a theidlíochtaí i gcomhréir le téarmaí na scéime pinsin le sochar sainithe ábhartha de chuid na Seirbhíse Poiblí.

Speansais an Choimisiúin in 2024:
- Brian McHugh: €7,671
- Patrick Kenny: €28
- Úna Butler: €6,270
- Kevin O'Brien: €6,385



# Aguisín a hAon




# Aguisín a Dó

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

***Tabhair faoi deara le do thoil: Ceanglaítear de réir reachtaíochta go seolfar an tuarascáil bhliantúil chuig RFTF faoi dheireadh mhí an Mheithimh gach bliain. Tráth a foilsithe, ní dhearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ach déanfaidh sé amhlaidh amach anseo.***

**Raon Feidhme na Freagrachta**
A Choimisiún um Chosaint Tomhaltóirí, aithnímid freagracht an Choimisiúin as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh a oibriú agus a choinneáil ar bun. Cuimsítear sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**An cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh deartha chun rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas iad a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am agus i dtráth.

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in CCPC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**An Cumas Riosca a Láimhseáil**
Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) comhdhéanta de Chathaoirleach agus trí chomhalta (beirt acu ina gcomhaltaí seachtracha/neamhspleácha). Tháinig CIR le chéile ceithre huaire in 2024.

Cuireann sé clár oibre i gcrích a aontaítear le CIR. Oibríonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (athbhreithnithe 2016). Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht na gcóras Rialaithe Inmheánaigh le hobair an iniúchóra inmheánaigh foinsithe allamuigh agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Rinneadh na hathbhreithnithe seo a leanas in 2024:

- Athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha
- Párolla an CCPC
- Áireamháin Uirlisí Airgid (bailíochtú)
- Leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaiste
- Athbhreithniú leantach i leith na moltaí a rinneadh in athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí roimhe seo

D'fhorbairt an Coimisiún beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an mbeartas sin ar bhonn tréimhsiúil agus, i gcás ina bhfaomhtar athbhreithnithe, cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an CCPC é lena athbhreithniú.

**Creat Riosca agus Rialaithe**
Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an CCPC lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus bearta an lucht bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca chorparáidigh i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an CCPC agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe de ghnáth. Tugtar eolas sa chlár riosca faoi na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Soláthraítear an Clár Riosca Chorparáidigh is déanaí roimh gach cruinniú CIR mar aon le meabhrán ina dtugtar eolas faoi aon athruithe, lena n-áirítear an réasúnaíocht taobh thiar de na hathruithe sin.

Tá na córais Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, córas tarmligin agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus dianseiceálacha leanúnacha a dhéanann an fheidhm airgeadais.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a fhaomhann Comhaltaí an Choimisiúin
- Socraítear teorainneacha údaraithe maidir le cistí an Choimisiúin a íoc amach
- Athbhreithniú rialta ag Comhaltaí an Choimisiúin ar fhaisnéis agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), lena léirítear an feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- Tá freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir ann, lena n-áirítear freagrachtaí airgeadais atá sannta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá beartais agus nósanna imeachta ann do gach príomhphróiseas gnó, agus déantar athbhreithniú orthu go rialta
- Monatóireacht agus tuairisciú ar phróisis rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear Ráiteas Dearbhaithe Bliantúil a chomhlánaíonn Stiúrthóirí Roinne
- Tá sásraí agus córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chinntiú
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Déantar íocaíocht thuarastail an CCPC tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus tá siad clúdaithe faoi Chomhaontú Bainistíochta Seirbhísí d'Fhostaithe idir an NSSO agus máthair-Roinn an CCPC (RFTF)

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht ardbhainistíochta agus don Choimisiún, más ábhartha, go tráthúil. Is féidir linn a dhearbhú go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara, agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithnítear a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Déanann an Coimisiún agus an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an mbuiséad agus na réamhaisnéisí.

**Soláthar**
Deimhnímid go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CCPC le linn 2024 lena chinntiú go raibh rialacha reatha soláthair á gcomhlíonadh agus gur tarraingíodh aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn i ndáil le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**
Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an CCPC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den CCPC atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

**Saincheisteanna maidir leis an Rialú Inmheánach**
Deimhnímid go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2024. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach lena chinntiú go léirítear leis go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.
Tá an Coimisiún réasúnta cinnte go bhfuil an córas Rialaithe Inmheánaigh a bunaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm in CCPC don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 éifeachtach.

Níor aithníodh aon saincheisteanna maidir le rialú inmheánach le linn na bliana.

# Aguisín a Trí

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Léirítear an tábhacht a bhaineann le cur chuige bunaithe ar luachanna i leith dhualgas earnála poiblí an CCPC, faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, sa dóigh a gcuirimid béim air inár bpleananna, inár spriocanna, inár misean agus in iompraíochtaí ár mball foirne.

Cinntímid go ndéantar naisc idir ráitis maidir le cearta an duine agus/nó comhionannas agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara a chuimsiú i gcleachtais oibre an CCPC agus tá roinnt beartas agus nósanna imeachta againn chun comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn agus chun tacú lenár mbaill foirne.

**Comhionannas Rochtana ar Fhaisnéis**
Tá comhionannas rochtana ar fhaisnéis ina chuid bunúsach de na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus cinnteoimid go seasfar leis an gceart chun comhionannais mar atá bunaithe sa reachtaíocht comhionannais. Tá sé mar aidhm againn comhionannas rochtana a chinntiú trí sheirbhísí a chuirtear ar fáil ar an nguthán agus ar líne. Déanaimid cumarsáid i nGaeilge agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, ar iarratas, agus foilsímid príomhdhoiciméid, amhail ár dtuarascáil bhliantúil, i nGaeilge agus i mBéarla.

Tugtar eolas inár Ráiteas Inrochtaineachta ar ár suíomh gréasáin faoin dul chun cinn atá déanta againn maidir le moltaí an iniúchta inrochtaineachta ar ár suíomhanna gréasáin in 2021 a chur chun feidhme. Eagraíonn ár nOifigeach Rochtana tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas a úsáideann ár bhfaisnéis agus ár seirbhísí.

**Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais**
Gníomhaíonn Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais (OIManna) an CCPC faoi rún agus tá ról lárnach acu i dtacaíocht agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne agus don lucht bainistíochta maidir le tacaíochtaí oibre a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ndiaidh míchumas aitheanta a dearbhú mar a leagtar amach in Alt 47(1)(a) den Acht Míchumais 2025. Molaimid do gach ball foirne a míchumas a nochtadh faoi rún nuair a thosaíonn siad a ról agus le linn a ngairme beatha in CCPC. Cuirtear seirbhísí na OIManna in iúl do bhaill foirne nua le linn a n-ionduchtaithe agus cuirtear chun cinn iad do gach ball foirne go rialta.

Chun seirbhís Idirchaidrimh Míchumais atá éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar, déanfaidh na OIManna a méid seo a leanas:

- Gníomhú mar phointe teagmhála do bhaill foirne faoi mhíchumas agus dá mbainisteoirí
- Socruithe réasúnta san ionad oibre, comhairle, moltaí, treoir, faisnéis ábhartha agus teagmhálacha cuí a sholáthar
- Cuidiú le cur chun feidhme dea-chleachtas AD i gcomhréir le reachtaíocht um chomhionannas, lena n-áirítear bailiú, cothabháil agus tuairisciú sonraí i gcomhréir le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005
- Feasacht mhéadaithe ar mhíchumas a chur chun cinn ar fud an CCPC

**Comhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Cinn san Ionad Oibre**
Thugamar faoi roinnt tionscnamh chun comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre le linn 2024. I mí an Mheithimh, chun aitheantas a thabhairt do BRÓD 2024, tugadh an rogha d'fhostaithe síniú ríomhphoist agus láinnéir Rainbow CCPC a úsáid chun a dtacaíocht do phobail LGBTQ+ a léiriú. D'óstálamar seisiún freisin le ShoutOut dar teideal "Tithe Cuimsitheacha: "Tuismitheoirí agus Caomhnóirí".




I measc tionscnaimh folláine eile, d'eagraíomar imeachtaí freisin chun aitheantas a thabhairt do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2024, Lá Náisiúnta na hÉagsúlachta agus na Cuimsitheachta, Lá Idirnáisiúnta na bhFear 2024 agus feasacht agus tacaíocht maidir leis an Meanapás.

**Ráiteas Sábháilteachta**
Gabhaimid orainn féin na baill, na conraitheoirí agus na fochonraitheoirí atá ag obair in CCPC a chosaint. Tá sé mar aidhm againn an gealltanas sin a bhaint amach trí thionscnaimh éifeachtacha bainistíochta sábháilteachta a chur chun feidhme agus trí chur i bhfeidhm an Ráitis Sábháilteachta seo. Is iad cuspóirí an Ráitis sin:

- Caighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla a chur chun cinn
- Faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil don fhoireann chun go mbeidh siad ábalta oibriú go sábháilte agus go héifeachtúil
- Feabhas a chur ar fheasacht sábháilteachta i measc na mball foirne
- Freagrachtaí na mball foirne uile maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte a shainiú

**Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe**
Tacaímid lenár bhfoireann trí Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe a chur ar fáil. Leis an tseirbhís rúnda sin, soláthraítear sainchomhairleoireacht, tacaíocht agus bainistíocht struis do bhaill foirne i gcás saincheisteanna oibre agus saincheisteanna nach mbaineann leis an obair araon.

# Aguisín a Ceithre

## An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn

### ECCI

D'ainmnigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) chun an Lárionad Eorpach Tomhaltóirí in Éirinn (ECCI) a óstáil ó 2024 go 2028. Tá an ECCI an chuid de Líonra ECC (ECC-Net) a chumhachtaíonn tomhaltóirí lena gcearta trasteorann a bheith ar eolas acu agus lántairbhe a bhaint as an Margadh Aonair. Cuireadh tús leis an tseirbhís ECCI (atá á hóstáil ag an CCPC) an 1 Eanáir 2024, agus soláthraítear faisnéis ar suíomh gréasáin an ECCI do thomhaltóirí in Éirinn faoina gcearta trasteorann. Ón 1 Aibreán 2024, d'fhéadfadh tomhaltóirí an suíomh gréasáin a úsáid freisin chun ceist a chur nó gearán a chur faoi bhráid fhoireann láimhseála cásanna an ECCI.

### An méid a déanaimid

Is féidir le tomhaltóirí na hÉireann cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an ECCI (www.eccireland.ie) chun:

- Eolas faoina gcearta trasteorann a fháil
- Teimpléid a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le gnólacht faoi shaincheist
- Comhairle faoi chás ar leith a iarraidh
- Gearán a dhéanamh faoi ghnólacht atá lonnaithe i dtír eile de chuid an Aontais, san Iorua, san Íoslainn agus sa Ríocht Aontaithe

Tacaíonn an tseirbhís láimhseála cásanna trasteorann le tomhaltóirí trí:

- Oibriú le ECCanna eile chun saincheisteanna a réiteach thar ceann tomhaltóirí atá lonnaithe in Éirinn
- Teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí Éireannacha chun fadhbanna a réiteach do thomhaltóirí atá lonnaithe i dtír eile de chuid an Aontais, san Iorua, san Íoslainn agus sa Ríocht Aontaithe
- Na chéad chéimeanna eile a mhíniú do thomhaltóirí nuair nach féidir linn fadhb a réiteach go cairdiúil le gnólacht

### 2024 i bhfigiúirí (1 Aibreán – 31 Nollaig)

**Cúnamh do thomhaltóirí**

**2,317** teagmháil san iomlán ar déileáladh leo

**72%** de na teagmhálacha arbh ghearáin iad

**1,273** cás a fiosraíodh

**Na 3 ghearán ba mhó de réir earnáil eacnamaíoch**

**Aerthaisteal - 44%**
**Éadaí agus coisbheart - 20%**
**Fruiliú carranna - 11%**

Co-funded by the European Union

Cuidiú agus comhairle do thomhaltóirí san Eoraip
ECC-Net

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Teach Bloom, Sráid an Iarnróid,
Baile Átha Cliath 1, D01 C576

Teil +353 (0)1 402 5500
Líne Chabhrach do Thomhaltóirí 01 402 5555

ccpc.ie